TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
GIOVANNI PITRUZZELLA
arna tabhairt an 9 Samhain 2023[1]

Cás C-465/20 P

An Coimisiún Eorpach
v
Éire,
Apple Sales International,
Apple Operations International, (Apple Operations Europe roimhe seo), Ard-Diúcacht Lucsamburg,
Poblacht na Polainne,

Údarás Faireacháin CSTE

(Achomharc – Státchabhair – Rialuithe cánach – Buntáistí roghnaitheacha cánach)

I. Réamhrá

1. Is cuid de shraith sách fairsing é an cás seo, a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 107(1) CFAE maidir le 'rialuithe cánach'. Mar is eol, ceadaítear leis an 'rialú cánach' do ghnóthais a iarraidh ar an riarachán cánach 'rialú cánach' a dhéanamh maidir leis an gcáin a mbeidh siad faoina réir agus, dá bhrí sin, seasamh oifigiúil a fháil ó na húdaráis sin maidir le cur i bhfeidhm rialacha náisiúnta cánach agus dearbhuithe maidir leis an gcóireáil cánach atá le cur i bhfeidhm orthu. Níl aon amhras ach nach féidir na rialacha maidir le Státchabhair a úsáid chun comhchuibhiú cánach a bhaint amach go neamhfhreagrach, comhchuibhiú a aimsíonn constaicí polaitiúla nó chun iomaíocht dhíobhálach cánach a chomhrac. Má bhaintear leas as na buntáistí a bhaineann le héagothromaíochtaí idir córais chánach, ní thugtar le tuiscint go bhfuil cabhair á deonú agus níl cosc *per se* ar iomaíocht cánach idir Stáit. Ní mór don Choimisiún a bheith in ann a fhíorú, áfach, an dtugann Ballstát buntáiste roghnaitheach do ghnóthas ar leith trí bhíthin beart cánach, amhail rialú cánach. I gcás den sórt sin, féadfar gnóthais a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu cheana féin, mar is amhlaidh le Apple, i ndáil le dinimic na margaí digiteacha freisin, ar gnách leo cumhacht den sórt sin a dhíriú, a chur ar bhuntáiste thar a gcuid iomaitheoirí, rud a bhaineann an bonn den chothroime iomaíochta idir cuideachtaí. Chun na hiarmhairtí díobhálacha sin ar an iomaíocht a sheachaint a dhéanann dochar don nuálaíocht agus do thomhaltóirí, tá gá le rialacha maidir le Státchabhair.

[1] Bunteanga: an Iodáilis.

2. Tá an Coimisiún ag iarraidh breithiúnas an 15 Iúil 2020, *Éire agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* ('an breithiúnas atá faoi achomharc") a chur ar neamhní,[2] lena ndearna an Chúirt Ghinearálta Cinneadh (AE) 2017/1283 ón gCoimisiún an 30 Lúnasa 2016 a chur ar neamhní[3] ('an cinneadh faoi chonspóid'), maidir le dhá rialú cánach a d'eisigh údaráis chánach na hÉireann i gcoinne Apple Sales International (ASI) agus Apple Operations Europe (AOE), dhá chuideachta a bhaineann le grúpa Apple (le chéile: 'na rialuithe cánach')

II. Fíorais an cháis agus cúlra na díospóide

3. Bunaithe in 1976 agus lonnaithe in Cupertino, California (Stáit Aontaithe Mheiriceá), tá an grúpa Apple comhdhéanta de Apple Inc. agus a fhochuideachtaí go léir. Tá a ghnó domhanda comhdhéanta timpeall ar phríomhréimsí feidhme, arna mbainistiú agus arna stiúradh go lárnach ag na Stáit Aontaithe (mír 1 den bhreithiúnas atá faoi achomharc). Is fochuideachta 100 % de Apple Inc. é Apple Operations International (AOI). Tá 100 % d'fhochuideachta AOE faoi úinéireacht AOI, arb é 100 % den fhochuideachta ASI atá ina úinéir air. Tá ASI agus AOE araon corpraithe mar chuideachtaí faoi dhlí na hÉireann, ach níl siad cónaitheach chun críocha cánach in Éirinn (mír 3 den bhreithiúnas faoi achomharc).[4] Bhunaigh ASI agus AOE brainsí Éireannacha ('brainsí Éireannacha'). Tá brainse Éireannach ASI freagrach, go háirithe, as na gníomhaíochtaí soláthair, díolacháin agus dáileacháin a bhaineann le táirgí brandáilte Apple a dhíol le páirtithe gaolmhara agus le custaiméirí tríú páirtí sna réigiúin lena n-áirítear an Eoraip, an Meánoirthear, an India agus an Afraic (EMEIA) chomh maith leis an Áise-Aigéan Ciúin (APAC). I measc na bpríomhfheidhmeanna laistigh den bhrainse sin tá soláthar táirgí críochnaithe Apple-brandáilte ó mhonaróirí tríú páirtí agus páirtí gaolmhar, gníomhaíochtaí dáilte a bhaineann le táirgí a dhíol le páirtithe gaolmhara sna réigiúin EMEIA agus APAC agus le táirgí a dhíol le custaiméirí tríú páirtí sa réigiún EMEIA, díolacháin ar líne, oibríochtaí lóistíochta, agus seirbhís iardhíola a oibriú. Tá an brainse Éireannach AOE freagrach as sainréimse táirgí TF amhail ríomhairí deisce iMac, ríomhaire glúine MacBook agus gabhálais ríomhaire eile a mhonarú agus a chóimeáil in Éirinn, a sholáthraíonn sé do pháirtithe gaolmhara do réigiún EMEIA. Áirítear ar na príomhfheidhmeanna a dhéantar laistigh den bhrainse sin pleanáil agus clársceidealú táirgthe, innealtóireacht próisis, táirgeadh agus oibríochtaí, dearbhú agus rialú cáilíochta, agus oibríochtaí athchóirithe (mír 9 agus 10 den bhreithiúnas atá faoi achomharc).

4. Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, eadhon ó 1991 go 2014 (an 'tréimhse ábhartha'), bhí Apple Inc., ar thaobh amháin, agus ASI agus AOE, ar an taobh eile, faoi cheangal ag comhaontú maidir le comhroinnt costas ('comhaontú maidir le comhroinnt costas'). Baineann na costais chomhroinnte go háirithe le taighde agus forbairt (T&F) na dteicneolaíochtaí atá ionchorpraithe i dtáirgí ghrúpa Apple. Faoin gcomhaontú sin, ar an gcéad dul síos, chomhaontaigh na páirtithe na costais agus na rioscaí a bhaineann le T&F na sócmhainní doláimhsithe a chomhroinnt mar thoradh ar na gníomhaíochtaí forbartha a bhaineann le táirgí agus seirbhísí ghrúpa Apple. Ar an dara dul síos, d'aontaigh siad go bhfanfadh Apple Inc. úinéir na sócmhainní doláimhsithe ag costais chomhroinnte, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla ('IP'). Ina theannta sin, dheonaigh Apple Inc. ceadúnas saor ó ríchíosanna do

[2] T-778/16 agus T-892/16, EU:T:2020:338.

[3] Maidir le Státchabhair SA.38373 (2014/C) (ex 2014/NN) (ex 2014/CP) arna chur chun feidhme ag Éirinn i bhfabhar Apple (IO 2017 L 187, lch. 1).

[4] In aithrisí 49 go 52 den chinneadh atá faoi chonspóid, chuir an Coimisiún in iúl, faoi dhlí na hÉireann is infheidhme le linn na tréimhse iomchuí, nár measadh ASI agus AOE, agus iad á gcorprú in Éirinn agus ag seoladh gnó in Éirinn, a bheith lonnaithe chun críoch cánach in Éirinn, ós rud é go raibh siad á rialú go díreach nó go hindíreach ag cuideachta a bhfuil cónaí uirthi sna Stáit Aontaithe (Apple Inc.). Mar sin féin, ós rud é, cé is moite de bhrainsí na hÉireann, nach raibh aon láithreacht cánach ag ASI agus AOE sna Stáit Aontaithe ná in áiteanna eile, thuig an Coimisiún as sin go raibh siad 'gan stát cónaithe chun críoch cánach'.

ASI agus AOE lena gceadaítear dóibh na táirgí Apple atá faoi cheist a tháirgeadh agus a dhíol sa chríoch a leithdháileadh orthu, eadhon an domhan seachas mór-roinn Mheiriceá ('ceadúnais IP').[5] Ceanglaíodh ar na páirtithe sa chomhaontú na rioscaí a d'eascródh as an gcomhaontú a iompar. Ba é an príomhriosca a bhí ann ná an oibleagáid costais forbartha na gceart IP a íoc. Le linn na tréimhse ábhartha, rinneadh roinnt leasuithe ar an gcomhaontú maidir le comhroinnt costas d'fhonn, go háirithe, athruithe ar an reachtaíocht is infheidhme a chur san áireamh (mír 5 agus mír 6 den bhreithiúnas atá faoi achomharc).

5. In 2008, thug ASI comhaontú seirbhísí margaíochta i gcrích le Apple Inc. ('comhaontú seirbhísí margaíochta'), faoina gheall Apple Inc. go soláthródh sé seirbhísí margaíochta do ASI, lena n-áirítear go háirithe cruthú, forbairt agus cur chun feidhme straitéisí margaíochta, clár agus feachtais cur chun cinn. Ghlac ASI air féin luach saothair a thabhairt do Apple Inc. as na seirbhísí sin, trí tháille a íoc a fhreagraíonn do chéatadán de na 'costais réasúnacha a tabhaíodh' le haghaidh na seirbhísí sin, móide corrlach (mír 7 den bhreithiúnas faoi achomharc).

A. Rialuithe cánach

6. I litir dar dáta an 12 Deireadh Fómhair 1990, a seoladh chuig údaráis chánach na hÉireann, rinne comhairleoirí cánach ghrúpa Apple cur síos ar ghníomhaíochtaí Apple Computer Ltd (ACL), réamhtheachtaí AOE, in Éirinn, ag léiriú na bhfeidhmeanna a chomhlíonfadh brainse Éireannach na cuideachta sin atá bunaithe i gCorcaigh (Éire). Dúirt siad go mbeadh úinéireacht ag an mbrainse sin ar na sócmhainní a bhaineann go dlúth leis na gníomhaíochtaí táirgthe, ach go gcoinneodh AOE úinéireacht ar na hábhair a úsáidtear, ar an obair idir lámha agus ar na táirgí críochnaithe. I litir dar dáta an 2 Eanáir 1991, cuireadh údaráis chánach na hÉireann ar an eolas go raibh cuideachta nua ann, Apple Computer Accessories Ltd (ACAL), réamhtheachtaí ASI, a ndearnadh cur síos ar a bhrainse in Éirinn mar chuideachta atá freagrach as táirgí le haghaidh onnmhairiú a sholáthar ó tháirgeoirí Éireannacha. I litir dar dáta an 29 Eanáir 1991 ('rialú cánach 1991') dhearbhaigh údaráis chánach na hÉireann na téarmaí a mhol grúpa Apple maidir le brabús inchánach ACL agus ACAL in Éirinn a ríomh. Ríomhadh brabús inchánach ACL ar bhonn céatadán de chostais oibriúcháin a bhrainse Éireannaigh, socraithe ag 65 % de na costais sin suas le méid bliantúil [faoi rún] agus 20 % os cionn an mhéid sin [faoi rún]. Dá mbeadh an brabús foriomlán níos ísle ná an méid a eascraíonn as an bhfoirmle seo, d'úsáidfí an méid níos ísle sin chun an glanbhrabús a chinneadh. Áiríodh leis na costais oibriúcháin atá le cur san áireamh le haghaidh an ríomha sin na speansais oibriúcháin uile, cé is moite den trealamh athdhíola agus eilimint chostais na sócmhainne doláimhsithe arna sonrasc ag cuideachtaí cleamhnaithe le grúpa Apple. Ríomhadh brabús incháinithe ACAL ar bhonn corrlach 12.5 % de chostais oibriúcháin a bhrainse Éireannaigh (gan ábhair athdhíola a áireamh) (míreanna 11 go 16 den bhreithiúnas atá faoi achomharc).

I litir dar dáta an 16 Bealtaine 2007 a seoladh chuig údaráis chánach na hÉireann, rinne comhairleoirí cánach ghrúpa Apple achoimre ar a moladh athbhreithniú a dhéanamh ar an modh chun bonn cánach bhrainsí Éireannacha ASI agus AOE a chinneadh. Sa dá chás, moladh go bhfreagródh an brabús inchánach do chéatadán de na costais oibriúcháin, gan costais amhail na méideanna arna sonrasc ag na cuideachtaí cleamhnaithe laistigh de ghrúpa Apple agus costais ábhartha a chur san áireamh. I gcás bhrainse Éireannach AOE, moladh suim a chur leis a chomhfhreagraíonn don toradh ar an IP do theicneolaíochtaí an phróisis táirgthe a d'fhorbair an

[5] Sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, ainmníonn an Chúirt Ghinearálta na ceadúnais sin mar 'cheadúnais IP ghrúpa Apple'. Tá an t-ainmniú sin, a choinneoidh mé gan athrú i luachanna ó sleachta an bhreithiúnais atá faoi achomharc, faoi dhíospóid ag an gCoimisiún a mheasann go bhfuil sé neamhbheacht a mhéid nach léiríonn sé go bhfuil na ceadúnais atá faoi cheist teoranta ó thaobh críche do ASI agus do AOE.

brainse sin, a chomhfhreagraíonn do chéatadán dá láimhdeachas. Moladh freisin go dtiocfadh an comhaontú i bhfeidhm don dá bhrainse amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2007, go mbeadh sé infheidhme ar feadh 5 bliana, go ndéanfaí é a athnuachan ar bhonn bliantúil agus go mbeadh feidhm aige maidir le heintitis nua arna gcruthú nó arna gclaochlú laistigh de ghrúpa Apple, ar choinníoll go bhfreagraíonn a ngníomhaíochtaí do na gníomhaíochtaí a rinne AOE agus ASI. I litir dar dáta an 23 Bealtaine 2007 ('rialú cánach 2007'), dheimhnigh údaráis chánach na hÉireann a gcomhaontú leis na tograí go léir. Cuireadh an comhaontú sin i bhfeidhm go dtí bliain chánach 2014 (míreanna 17 go 21 den bhreithiúnas atá faoi achomharc).

B. An cinneadh atá faoi chonspóid

7. Sa chinneadh atá faoi chonspóid, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dheonaigh na rialuithe cánach do na cuideachtaí sin, le linn na tréimhse ábhartha, cabhair oibriúcháin do ghrúpa Apple ina iomláine (aithrisí 417 agus 418) tríd an ualach cánach ar cheart do ASI agus AOE a iompar a laghdú. Dhearbhaigh sé go raibh an chabhair sin neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 107(3)(c) CFAE (Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid) agus d'ordaigh sé í a aisghabháil (Airteagal 2 den chinneadh atá faoi chonspóid).

8. I Roinn 8.2 den chinneadh sin, d'fhonn a shuí gurb ann do bhuntáiste roghnaitheach de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, lean an Coimisiún an anailís trí-chéim a d'eascair as an gcásdlí. [6]

9. Maidir leis an gcéad chéim, a bhaineann leis an gcreat tagartha a aithint, mheas sé gurbh é a bhí sa chóras sin ná an gnáthchóras cánachais ar bhrabúis chorparáideacha in Éirinn, arbh é an cuspóir a bhí leis cáin a ghearradh ar bhrabúis na gcuideachtaí go léir a ngearrtar cáin orthu in Éirinn. I bhfianaise an chuspóra sin, mheas an Coimisiún go raibh gach cuideachta a gearradh cáin air in Éirinn, bídís cónaitheach nó neamhchónaitheach, comhtháite nó neamh-chomhtháite, i staid dhlíthiúil agus fhíorasach inchomparáide. Chinn sé, dá bhrí sin, maidir le forálacha Airteagal 25 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 ('TCA 97'), a bhaineann le cánachas na gcuideachtaí neamhchónaitheacha, ina dhlúthchuid den chreat tagartha agus ní creat tagartha ar leithligh é (aithrisí 227 go 243 den chinneadh atá faoi chonspóid). Faoin Airteagal sin, ní thagann cuideachta neamhchónaitheach faoi raon feidhme na cánach corparáide ach amháin má dhéanann sí gnó in Éirinn trí bhrainse nó gníomhaireacht. Sa chás sin, gearrtar cáin ar an gcuideachta sin 'ar a hioncam tráchtála go léir a eascraíonn go díreach nó go hindíreach as an mbrainse nó as an ngníomhaireacht agus ó mhaoin nó ó chearta a úsáideann nó a shealbhaíonn an brainse nó an ghníomhaireacht nó a úsáidtear nó a shealbhaítear thar ceann an bhrainse nó na gníomhaireachta [...]' (féach mír 158 den bhreithiúnas atá faoi achomharc).

10. Maidir leis an dara céim, arb é is cuspóir di measúnú a dhéanamh ar bhuntáiste roghnaitheach a bheith ann mar thoradh ar mhaolú ón gcreat tagartha, chuir an Coimisiún in iúl, ar an gcéad dul síos, ag féachaint dá fhoclaíocht agus dá chuspóir, nach mór Airteagal 25 de TCA 97 a chur i bhfeidhm i gcomhar le modh leithdháilte brabúis lenar féidir brabús inchánach a bhaint amach i gcomhréir le 'comhfhogasú iontaofa ar thoradh margadhbhunaithe i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách' (aithris 253). Leis an bprionsabal sin, 'a bhfuil sé d'aidhm aige a áirithiú go ndéileálfar le hidirbhearta a dhéantar idir cuideachtaí comhtháite den ghrúpa céanna chun críocha cánach, ag cur san áireamh an mhéid brabúis a bheadh mar thoradh air dá mbeadh na hidirbhearta céanna déanta ag cuideachtaí uathrialacha neamh-chomhtháite' tá feidhm aige

[6] Féach, *inter alia*, breithiúnas an 8 Samhain 2022, *Fiat Chrysler Finance Europe* v *an Coimisiún* (C-885/19 P agus C-898/19 P, EU:C:2022:859, mír 68 ('breithiúnas Fiat Chrysler').

maidir le hidirbhearta inmheánacha idir codanna éagsúla den chuideachta chomhtháite chéanna, mar shampla, idirbhearta a dhéanann brainse le comhpháirteanna eile den chuideachta lena mbaineann sé' (aithrisí 252 go 253). Sa chomhthéacs sin, shoiléirigh an Coimisiún freisin nach gcuirfeadh sé i bhfeidhm go díreach na prionsabail a forbraíodh faoi chuimsiú na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), mar atá leagtha amach go háirithe in Airteagal 7(2) agus in Airteagal 9 den Samhailchoinbhinsiún Cánach ECFE agus i dTuarascáil 2010 maidir le Leithdháileadh Brabúis ar bhunaíochtaí buana, a d'fhormhuinigh Comhairle ECFE an 22 Iúil 2010, ina ndéantar cur síos ar chur chuige údaraithe ECFE maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách mar a shainmhínítear é i dTreoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus do Riaracháin Cánach[7] i gcomhthéacs leithdháileadh brabúis ar bhuanbhunaíocht ('cur chuige údaraithe ECFE')[8] ach go gcuirfeadh sé san áireamh iad mar threoir úsáideach maidir le conas a áirithiú go dtiocfadh torthaí as sásraí praghsála aistrithe atá comhsheasmhach le dálaí an mhargaidh (aithris 255). Rinne an Coimisiún a anailís ansin ar thrí líne réasúnaíochta ar leith, as gach ceann acu a dtáinig an chonclúid go raibh buntáiste roghnaitheach sa chás seo. Chun críocha an cháis seo, ní bhaineann ach an chéad dá argóint, go príomha agus go tánaisteach, le hábhar. Ar bhonn na *príomhlíne réasúnaíochta* (aithrisí 265 go 321 den chinneadh atá faoi chonspóid), bhí an Coimisiún den tuairim gur ghlac údaráis chánach na hÉireann, sna rialuithe cánach, leis an toimhde gan bhunús gur ghá ceadúnais IP a leithdháileadh chun críocha cánach lasmuigh d'Éirinn – agus dá bhrí sin ar cheannoifigí ASI agus AOE (na 'ceannoifigí') agus ní ar a mbrainsí Éireannacha – bhí brabúis bhliantúla inchánach ag na cuideachtaí sin a chlaon ó chomhfhogasú iontaofa de thoradh margadhbhunaithe de réir phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách. Ar bhonn *líne réasúnaíochta tánaistí* (aithrisí 325 go 360 den chinneadh atá faoi chonspóid), mheas an Coimisiún, fiú dá mbeadh sé de cheart ag údaráis chánach na hÉireann glacadh leis an toimhde sin, go mbeadh an toradh céanna ann ós rud é go raibh na modhanna leithdháilte brabúis a d'fhormhuinigh na rialuithe cánach bunaithe ar roghanna modheolaíochta míchuí, as ar tháinig laghdú ar mhéid na cánach a bhí ar ASI agus AOE a íoc i leith cuideachtaí neamh-chomhtháite a ndearnadh a mbrabús inchánach a chinneadh leis na praghsanna a caibidlíodh ar an margadh i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách.

11. Ar deireadh, sa tríú céim dá anailís, chinn an Coimisiún nár chuir Éire ná Apple aon argóintí ar aghaidh a bhaineann leis an mbonn cirt atá leis an mbuntáiste roghnaitheach a thugtar leis na rialuithe cánach (aithrisí 404 go 411 den chinneadh atá faoi chonspóid).

III. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas atá faoi achomharc

12. Rinne Éire (Cás T-778/16) agus ASI agus AOE (Cás T-892/16) achomharc i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid. I gCás T-778/16, ceadaíodh d'Ard-Diúcacht Lucsamburg idirghabháil a dhéanamh chun tacú leis an ordú á lorg ag Éirinn agus do Phoblacht na Polainne chun tacú leis an ordú á lorg ag an gCoimisiún. I gCás T-892/16, ceadaíodh d'Údarás Faireacháin CSTE idirghabháil a dhéanamh chun tacú leis an ordú á lorg ag an gCoimisiún, agus d'Éirinn chun

[7] Iúil 2010, OECD Publishing, Páras, https://doi.org/10.1787/9789264189904-it ('Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe').

[8] In aithrisí 87 go 89, mhínigh an Coimisiún gur anailís dhá chéim atá i gcur chuige údaraithe ECFE inar sannadh ioncam don bhuanbhunaíocht. Sa chéad chéim, glactar leis gur gnóthas neamhspleách ar leithligh é an bhuanbhunaíocht 'atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí den chineál céanna nó gníomhaíochtaí comhchosúla, ar théarmaí comhionanna nó comhchosúla, agus na feidhmeanna a chomhlíontar, na hacmhainní a úsáideadh agus na rioscaí a ghabhann an gnóthas tríd an mbuanbhunaíocht agus na codanna eile den ghnó á gcur san áireamh'. Is sa chomhthéacs seo a thugtar isteach coincheap 'feidhmeanna pearsanra shuntasaigh'. Faoin gcéad chéim, tugann cur chuige údaraithe ECFE don bhuanbhunaíocht úinéireacht eacnamaíoch na sócmhainní a ndéanann a bhfoireann na feidhmeanna suntasacha ábhartha ina leith. Sa dara céim, tá feidhm ag Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe de réir analaí maidir le hoibríochtaí na buanbhunaíochta le codanna eile den chuideachta chun a áirithiú go n-íoctar comhlíonadh a feidhmeanna go léir i ndáil leis na hidirbhearta sin i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách.

tacú leis an ordú á lorg ag ASI agus AOE. Rinneadh na cásanna sin a uamadh le haghaidh na céime ó bhéal den nós imeachta. Chun tacú lena gcaingean, d'ardaigh Éire, ar thaobh amháin, agus ASI agus AOE, ar an taobh eile, 9 saincheist dlí agus 14 shaincheist dlí, faoi seach, atá forluiteach den chuid is mó, agus a scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta le chéile.

13. Sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, a mhéid a bhaineann sé leis an gcás seo, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta ar an gcéad dul síos do na saincheisteanna a mhaígh Éire agus ASI agus AOE gur sháraigh an Coimisiún a chumhachtaí agus gur sháraigh sé prionsabal neamhspleáchas fioscach na mBallstát (mír 103 go mír 124). Ar an dara dul síos, scrúdaigh sí na saincheisteanna lena líomhnaíodh earráidí a rinne an Coimisiún ina *phríomhlíne réasúnaíochta*. Sa chomhthéacs sin, dhiúltaigh sí sa chéad áit do ghearán na hÉireann maidir leis an scrúdú comhpháirteach ar chritéir an bhuntáiste agus na roghnaíochta. Scrúdaigh sé ansin na gearáin lena líomhnaíodh earráidí i sainaithint an chreata tagartha agus an ghnáthchánachais faoi dhlí cánach na hÉireann. Ag deireadh an scrúdaithe sin, chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh príomhlíne réasúnaíochta an Choimisiúin bunaithe ar 'mheasúnuithe míchearta ar ghnáthchánachas faoi dhlí cánach na hÉireann is infheidhme sa chás seo' (mír 249 den bhreithiúnas atá faoi achomharc). Ar deireadh, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta 'ar mhaithe le hiomláine' na gearáin a díríodh i gcoinne mheasúnuithe fíorasacha an Choimisiúin maidir leis na gníomhaíochtaí laistigh de ghrúpa Apple, inar thángthas ar an gconclúid gur theip ar an gCoimisiún a léiriú, ag féachaint, ar dtús, do na gníomhaíochtaí agus na feidhmeanna a rinne brainsí Éireannacha ASI agus AOE agus, ar an dara dul síos, ar na cinntí straitéiseacha a rinneadh agus a cuireadh chun feidhme lasmuigh de na brainsí sin, gur cheart ceadúnais IP a leithdháileadh ar na brainsí sin chun brabúis inchánach bhliantúla ASI agus AOE in Éirinn a chinneadh (mír 310 den bhreithiúnas atá faoi achomharc). Ar deireadh, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta na saincheisteanna a bhaineann leis na measúnuithe a rinne an Coimisiún i gcomhthéacs a *líne réasúnaíochta tánaistí*. Ag deireadh na hanailíse a rinne sí, agus é á aithint aici 'go léirítear leis na heasnaimh sna modhanna chun brabúis inchánacha [ASI] agus [AOE] a ríomh gur de chineál neamhiomlán agus neamh-chomhsheasmhach [na rialuithe cánach] iad uaireanta' (mír 479 den bhreithiúnas atá faoi achomharc), mheas sí nár leor na heasnaimh sin chun a chruthú go raibh buntáiste ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

14. Dá bhrí sin, chuir an Chúirt Ghinearálta an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní ina iomláine, gan scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna eile a chuir Éire agus ASI agus AOE ar aghaidh, d'ordaigh sí don Choimisiún na costais arna dtabhú ag na hiarratasóirí i gCás T-778/16 agus i gCás T-892/16 a íoc agus chinn sí gurb í Éire i gCás T-892/16, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht na Polainne agus Údarás Faireacháin CSTE a íocfadh a gcostais féin.

IV. Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais agus argóintí na bpáirtithe

15. Trí iarratas a thaisceadh i gClárlann na Cúirte Breithiúnais an 25 Meán Fómhair 2020, d'iarr an Coimisiún an breithiúnas faoi achomharc a chur ar neamhní. Chuir Éire, ASI agus AOE, Ard-Diúcacht Lucsamburg agus Údarás Faireacháin CSTE a gcuid barúlacha i scríbhinn isteach. I litir dar dáta an 4 Aibreán 2023, chuir dlíodóirí ASI agus AOE in iúl don Chúirt, tar éis cumasc faoi dhlí na hÉireann, gur ghlac AOI AOE ón 2 Aibreán 2023. Dá bhrí sin, cuireadh ainm AOE mar pháirtí sa chás seo in ionad ainm AOI. Chuir na páirtithe barúlacha ó bhéal i láthair ag an éisteacht an 23 Bealtaine 2023. Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt an breithiúnas a chur ar neamhní, an chéad, an dara, an tríú, an ceathrú agus an t-ochtú saincheist dlí i gCás T-778/16 a dhíbhe, agus an chéad, an dara, an tríú, an ceathrú, an cúigiú, an t-ochtú agus an ceathrú saincheist dlí déag i gCás T-892/16 a chur ar neamhní, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun na saincheisteanna dlí eile a bhreithniú agus na costais a fhorchoimeád os

comhair na Cúirte Ginearálta agus na Cúirte Breithiúnais. Iarrann ASI agus AOI ar an gCúirt an t-achomharc a dhíbhe agus a ordú don Choimisiún na costais a íoc. Iarrann Éire ar an gCúirt an t-achomharc a dhíbhe agus a ordú don Choimisiún na costais a íoc. Iarrann Údarás Faireacháin CSTE ar an gCúirt seasamh leis an achomharc ina iomláine, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun na saincheisteanna eile a bhreithniú agus na costais a fhorchoimeád os comhair na Cúirte Ginearálta agus na Cúirte Breithiúnais. Iarrann Ard-Diúcacht Lucsamburg ar an gCúirt an t-achomharc ina iomláine a dhíbhe agus a ordú don Choimisiún na costais a thabhóidh sé a íoc.

V. An t-achomharc

16. Cuireann an Coimisiún dhá saincheist dlí ar aghaidh chun tacú lena achomharc, agus iad roinnte ina gcodanna éagsúla. Baineann an chéad saincheist dlí le míreanna an bhreithiúnais atá faoi achomharc inar cháin an Chúirt Ghinearálta an phríomhlíne réasúnaíochta. Tá an dara ceann dírithe i gcoinne na coda sin den bhreithiúnas sin inar chuir an Chúirt Ghinearálta an *líne réasúnaíochta tánaistí* ar neamhní.

A. Réamhbharúlacha

17. Mar a tugadh faoi deara, faoin gcomhaontú maidir le comhroinnt na gcostas, le linn na tréimhse ábhartha, bhí na ceadúnais IP i seilbh ASI agus AOE agus d'íoc siad suim le Apple Inc. a bhí beartaithe chun gníomhaíocht T&F an ghrúpa a mhaoiniú. Is é an t-údar atá leis na comhaontuithe maidir le *comhroinnt costas* ná cás a sheachaint nach féidir aon chaillteanas arna thabhú ag an gcuideachta a rinne an infheistíocht a aisghabháil i ngeall ar neamhchinnteacht thorthaí na hinfheistíochta T&F. Leithdháiltear costais T&F idir cuideachtaí sa ghrúpa agus leithdháiltear aon tuairisceán mar chéatadán a fhreagraíonn do chéatadán na gcostas atá curtha i leith na cuideachta. Is é sin an bonn cirt atá leis an gcomhaontú, ach ba cheart a choinneáil i gcuimhne go bhféadfaí, i gcleachtas na gcuideachtaí ilnáisiúnta, costais agus brabúis ghaolmhara a leithdháileadh ar dhlínsí ina bhfuil cánachas níos ísle. Sa chás seo, trí leithdháileadh cuid de na costais agus na brabúis a bhaineann le IP Apple a dhícheangal ón suíomh ina ndearnadh gnó T&F an ghrúpa den chuid is mó, eadhon in California, ina bhfuil ceannoifig Apple Inc., aistríodh na costais agus na brabúis sin chuig ASI agus AOE. Mar a luadh thuas, cé go raibh na cuideachtaí seo corpraithe in Éirinn, ní raibh siad, le linn na tréimhse ábhartha, ina gcónaitheoirí chun críoch cánach in Éirinn ná i ndlínsí cánach eile. In Éirinn, bhí a ndliteanas cánach teoranta, faoi Airteagal 25 de TCA 1997, do na brabúis is inchurtha i leith a mbrainsí Éireannacha, agus mar thoradh air sin, níor gearradh cáin ar i leith a mbrainsí Éireannacha, agus mar thoradh air sin, níor gearradh cáin ar bhrabúis nár cuireadh i leith na mbrainsí sin, go bunúsach, ar chor ar bith.[9] Dá bhrí sin, is é bun agus barr na ceiste an modh, i dtost Airteagal 25 de TCA 97, a raibh na brabúis is inchurtha i leith bhrainsí na hÉireann le cinneadh. Ós rud é gur ó na ceadúnais IP a fuarthas formhór bhrabúis ASI agus AOE, d'eascair an réamhcheist, maidir leis an gcaoi ar ghá na ceadúnais sin a leithdháileadh laistigh de na cuideachtaí sin, ag cur san áireamh a suíomhanna éagsúla, eadhon na bunaíochtaí, ar thaobh amháin, agus na brainsí Éireannacha, ar an taobh eile. Is ar na pointí sin go bunúsach a thagann an éagsúlacht idir Éire agus an Coimisiún chun cinn. D'fhormhuiníodh leis na rialuithe an modh chun bonn cánach ASI agus AOE a chinneadh a mhol Apple, a raibh leithdháileadh ceadúnas IP agus formhór bhrabúis na gcuideachtaí sin lasmuigh de

[9] Os comhair na Cúirte Ginearálta agus ag an éisteacht os comhair na Cúirte Breithiúnais, rinne an Coimisiún measúnú ar na cánacha a íocadh go hiarbhír ar na brabúis a tháirg ASI agus AOE in 2003 ag 0.005 % in 2004. Áitíonn ASI agus AOI go raibh brabúis na gcuideachtaí sin faoi réir cánach ioncaim coigríche iarchurtha sna Stáit Aontaithe sa tréimhse iomchuí.

bhrainsí na hÉireann i gceist leo. Dar leis an gCoimisiún, le leithdháileadh brabúis den sórt sin, trí dhliteanas cánach ASI agus AOE a laghdú, tugadh buntáiste roghnaitheach dóibh de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE agus bhí cabhair cánach i gceist leis do ghrúpa Apple ina iomláine.

B. An chéad saincheist dlí

18. Tá an chéad saincheist dlí roinnte i dtrí chuid.

1. An chéad chuid den chéad saincheist dlí

19. Leis an gcéad chuid den chéad saincheist dlí, cuireann an Coimisiún in iúl gur bhain an Chúirt Ghinearálta míthuiscint as an gcinneadh atá faoi chonspóid, go ndearna sí neamhrialtacht nós imeachta agus go raibh sí contrártha dá forais, a mhéid, i míreanna 125, 183 go 187, 228, 242 agus 243 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur chinn sí, trína cinneadh gur cheart na ceadúnais IP a leithdháileadh chun críocha cánach ar bhrainsí na hÉireann, ós rud é nach raibh fostaithe ná láithreacht fhisiciúil ag ceannoifigí ASI agus AOE chun a rialú agus a bhainistiú a áirithiú, go ndearna sé leithdháileadh brabúis 'eisiaimh' nár chomhlíon Airteagal 25 de TCA 97, prionsabal an fheidhmithe neamhspleách agus cur chuige formheasta ECFE. Maíonn ASI agus AOI, Éire agus Ard-Diúcacht Lucsamburg nach bhfuil na gearáin a d'ardaigh an Coimisiún inghlactha, neamhéifeachtach agus, in aon chás, gan bhunús.

(a) Anailís

(1) Inghlacthacht

20. Ba mhaith liom a thabhairt le fios, i gcomhréir le hAirteagal 256(1) CFAE agus leis an gcéad mhír d'Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nach bhfuil achomharc ann ach ar phointí dlí. Tá dlínse eisiach ag an gCúirt Ghinearálta na fíorais a shuíomh, ach amháin i gcás inar léir míchruinneas substainteach a cinntí ó na doiciméid a cuireadh faoina bráid agus chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise ar glacadh léi.[10] Dá bhrí sin, ní hionann na fíorais sin a shuíomh agus breithmheas a thabhairt ar an bhfianaise sin agus pointe dlí atá faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais, ach amháin i gcás inar saobhadh an fhianaise.[11]

21. Maíonn ASI agus AOI nach ionann líomhain earráide maidir le léiriú an ghnímh atá faoi chonspóid os comhair na Cúirte Ginearálta agus a bheith ag brath ar earráid dlí, ach amháin i gcás ina mbeidh saobhadh an ghnímh sin mar thoradh ar léamh follasach mícheart an ghnímh sin ag an gCúirt Ghinearálta. Chun tacú lena n-agóid, braitheann siad ar bhreithiúnais an 27 Eanáir 2000, *DIR International Film agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*[12] agus an 30 Samhain 2016, *an Coimisiún* v *an Fhrainc agus Orange*.[13] Sa chéad cheann de na breithiúnais sin, shonraigh an Chúirt Bhreithiúnais, más rud é, i gcomhthéacs caingean le haghaidh neamhniú, go bhféadfadh an Chúirt Ghinearálta an ráiteas ar chúiseanna leis an mbeart atá faoi chonspóid a léiriú ar bhealach éagsúil óna húdar, nó fiú amháin, i gcásanna áirithe, diúltú don

[10] Féach breithiúnas an 27 Aibreán, 2023, *Casa Regina Apostolorum della Pia Società delle Figlie di San Paolo* v *an Coimisiún* (C-492/21 P, EU:C:2023:354, mír 106).

[11] Féach breithiúnas an 22 Meitheamh 2023, *Gmina Miasto Gdynia* agus *Port Lotniczy Gdynia-Kosakowo* v *an Coimisiún* (C-163/22 P, EU:C:2023:515, mír 99).

[12] C-164/98 P, EU:C:2000:48 ('breithiúnas DIR International').

[13] C-486/15 P, EU:C:2016:912 ('breithiúnas *an Coimisiún* v *an Fhrainc agus Orange*').

ráiteas foirmiúil ar chúiseanna, nach féidir léi déanamh amhlaidh i gcás nach bhfuil aon fhianaise shubstainteach ann chun údar a thabhairt leis, ós rud é sa chás sin go gcuirfeadh sí a réasúnaíocht féin in ionad réasúnaíocht údar an ghnímh, ag déanamh earráid dlí lena bhféadfaí agóid a dhéanamh os comhair na Cúirte Breithiúnais ina leith.[14] Cé gur fíor gur tháinig an Chúirt Bhreithiúnais ar an gconclúid sa bhreithiúnas sin go ndearnadh inneachar an chinnidh atá i gceist a shaobhadh,[15] ní féidir tátal a bhaint as sin, mar ba mhaith le ASI agus AOI a dhéanamh, nach féidir brath ar achomharc *ach amháin* nuair is léir go bhfuil léamh míchruinn ag an gCúirt Ghinearálta ar an ngníomh atá faoi chonspóid. Bheadh tátal den sórt sin, áfach, ag teacht salach ar chur i bhfeidhm contrártha na Cúirte Breithiúnais ar an bhfasach sin.[16] Maidir leis an mbreithiúnas in *an Coimisiún* v *an Fhrainc agus Orange*, is leor a thabhairt faoi deara, i mír 102 den bhreithiúnas sin, ar a bhfuil ASI agus AOI ag brath, gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach raibh aon argóintí a chuir an Coimisiún chun cinn mar thaca lena éileamh go ndearnadh an cinneadh atá faoi chonspóid a shaobhadh os comhair na Cúirte Ginearálta. Dá bhrí sin, ní thugtar aon tacaíocht leis an mír sin don agóid a dhéanann ASI agus AOE. Ba mhaith liom a chur in iúl freisin gur dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais go sainráite d'eisceacht chomhchosúil i mbreithiúnas an 10 Márta 2022, *an Coimisiún* v *Freistaat Bayern agus páirtithe eile* ,[17] inar chinn sí gur ceist dlí atá inghlactha ar achomharc é cruinneas an léirmhínithe a thug an Chúirt Ghinearálta don chinneadh ar iarradh uirthi a dhlíthiúlacht a mheas i gcaingean le haghaidh neamhniú.[18] Ar bhonn níos ginearálta, ní féidir an cheist maidir le léiriú ceart ar chinneadh ón gCoimisiún arna ghlacadh ar bhonn na chéad fhomhíre d'Airteagal 108(2) CFAE a eisiamh ó athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar achomharc, ar an mbonn gur 'ceist fíorais' í. Cé nach féidir liom a chur as an áireamh go bhféadfadh cásanna a bheith ann a d'fhéadfadh a bheith ag brath ar earráid i léiriú gnímh den sórt sin athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais a iarraidh ar chinntí fíorasacha na Cúirte Ginearálta, is léir, i mo thuairimse, nach é an cás leis an ngearán seo é a bhaineann le tuiscint cheart ar an réasúnú atá á leanúint ag an gCoimisiún agus leis an tástáil dhlíthiúil a chuir an Coimisiún i bhfeidhm. Sa chás seo, trí léiriú mícheart ar an gcinneadh atá faoi chonspóid a agairt, tharraing an Coimisiún anuas earráid dlí a d'fhéadfaí a cháineadh ar achomharc.

22. Maíonn Éire go bhfuil an chéad chuid den chéad saincheist dlí neamhéifeachtach, ós rud é go dtuigtear fiú go ndearna an Chúirt Ghinearálta míthuiscint ar an gcinneadh atá faoi chonspóid, go mbeadh neamh-leithdháileadh an bhrabúis arna ghiniúint leis na ceadúnais IP do bhrainsí na hÉireann fós deimhnithe ar bhonn na dtorthaí fíorasacha maidir le gníomhaíochtaí na mbrainsí sin atá sa chuid eile den bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus ar an mbonn sin amháin. I ndáil leis sin, ba mhaith liom a chur in iúl gur cásdlí socair é nach bhfuil éifeacht ag saincheist atá dírithe i gcoinne fhorais an bhreithiúnais atá faoi achomharc agus nach bhfuil baint aici le cuid oibríochtúil an bhreithiúnais agus nach mór diúltú di.[19] Sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, ní hamháin gur chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh an phríomhlíne réasúnaíochta bunaithe ar mheasúnuithe míchearta ar ghnáthchánachas faoin dlí cánach Éireannach is infheidhme, ach rinne sí scrúdú

[14] Féach breithiúnas DIR International, mír 42.

[15] Féach breithiúnas DIR International, mír 48.

[16] Féach breithiúnas an 22 Nollaig 2008, *British Aggregates* v *an Coimisiún* (C-487/06 P, EU:C:2008:757, míreanna 142 go 144). Féach freisin breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *World Duty Free Group agus an Spáinn* v *an Coimisiún* (C-51/19 P agus C-64/19 P, EU:C:2021:793, míreanna 70 go 79).

[17] C-167/19 P agus C-171/19 P, EU:C:2022:176, mír 47. Féach freisin breithiúnas an 11 Márta 2020, *an Coimisiún* v *Gmina Miasto Gdynia* agus *Port Lotniczy Gdynia Kosakowo* (C-56/18 P, EU:C:2020:192, mír 121).

[18] Féach freisin, go hintuigthe, breithiúnais an 20 Meán Fómhair 2017, *an Coimisiún* v *Frucona Košice* (C-300/16 P, EU:C:2017:706, míreanna 35 go 37); an 14 Samhain 2019, *Silec Cable agus General Cable* v *an Coimisiún* (C-599/18 P, EU:C:2019:966, mír 82); agus an 31 Eanáir 2019, *Pandalis* v *EUIPO* (C-194/17 P, EU:C:2019:80, 102 go 109), agus ordú an 7 Meán Fómhair 2017, *Natural Instinct* v *M.I. Industries* (C-218/17 P, EU:C:2017:655, mír 4).

[19] Féach breithiúnas an 27 Aibreán 2023, *Fondazione Cassa di Risparmio di Pesaro* agus páirtithe eile v an Coimisiún (C-549/21 P, nár foilsíodh, EU:C:2023:340, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear).

freisin, trína seasamh leo, ar na gearáin a chuir Éire agus ASI agus AOE chun cinn i gcoinne mheasúnuithe fíorasacha an Choimisiúin ar ghníomhaíochtaí ghrúpa Apple. Dá bhrí sin, d'fhonn agóid éifeachtach a dhéanamh i gcoinne chinntí na Cúirte Ginearálta maidir le heasnaimh na príomhréasúnaíochta, is ar an gCoimisiún a bhí sé gearáin a dhéanamh i gcoinne an dá shraith pléadálacha sin atá bunaithe ar dhá thacar forais éagsúla agus neamhspleácha. Déantar an chéad saincheist dlí a chumadh go beacht sa chiall sin. Leis an gcéad chuid den saincheist dlí sin, féachtar leis an gconclúid ón gCúirt Ghinearálta a cháineadh gur chuir an Coimisiún cur chuige 'eisiaimh' i bhfeidhm i gcomhthéacs a phríomhréasúnaithe, cé go bhféachann an dara agus an tríú cuid le hagóid a dhéanamh i gcoinne na bhforas lena ndearna an Chúirt Ghinearálta na cinntí fíorais sin a neamhbhailíochtú. Ós rud é nach leor ann féin na gearáin a dhéantar i gcomhthéacs gach ceann de na codanna sin, a dhéantar ar leithligh, chun go gcuirfí an breithiúnas atá faoi achomharc ar neamhní, ní thacaíonn sé sin leis an gconclúid go bhfuil siad neamhéifeachtach, ós rud é nach mór iad a bhreithniú i gcomhthéacs na chéad saincheiste dlí ina hiomláine. Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'agóid na hÉireann, dar liom.

(2) Substaint an cháis

(i) An chéad ghearán: earráid i léiriú an chinnidh atá faoi chonspóid

23. Ba cheart a thabhairt faoi deara ag an tús nach ndíospóideann an Coimisiún neamh-chomhoiriúnacht réasúnaíochta 'eisiaimh' le hAirteagal 25 de TCA 97, le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách ná le cur chuige údaraithe ECFE. Sonraíonn sé, áfach, nár chuir sé réasúnaíocht den sórt sin i bhfeidhm. É sin ráite, measaim gur gá príomhlíne réasúnaíochta an Choimisiúin a choinneáil i gcuimhne go hachomair. Má ghlactar le struchtúr an chinnidh atá faoi chonspóid, tá ceithre chuid sa réasúnaíocht sin.

24. Sa chéad chuid, a leagtar amach i Roinn 8.2.2.1 den chinneadh sin, leag an Coimisiún amach an dá réamhchúram ar bhraith sé le linn a chuid anailíse. Chuir sé in iúl, ar an gcéad dul síos, gur ghá, le cur i bhfeidhm Airteagal 25 de TCA 97, réamhchinneadh modha leithdháilte na mbrabús, modh nár sainmhíníodh san fhoráil sin, agus, ar an dara dul síos, gur ghá don mhodh sin toradh a bheadh comhsheasmhach le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a bhaint amach. Rinne an Chúirt Ghinearálta – an chéad cheann i mír 113 den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus an dara ceann i mír 211 agus i mír 212 – cruinneas an dá chás sin a admháil go sainráite agus ní dhearnadh agóid ina choinne i gcomhthéacs achomharc neamhspleách i gcoinne an bhreithiúnais atá faoi achomharc nó, go hindíreach, i gcomhthéacs an cháis seo. In ainneoin nach ann d'aon agóid ina leith sin, is fiú a chur in iúl in aon chás go bhfuil conclúidí na Cúirte Ginearálta maidir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs Airteagal 25 de TCA 97 go hiomlán i gcomhréir leis an mbreithiúnas in *Fiat Chrysler*, inar chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach bhfuil an Coimisiún i dteideal brath ar an bprionsabal sin ach amháin má fhoráiltear dá chur i bhfeidhm i reachtaíocht chánach an Bhallstáit lena mbaineann agus a mhéid a dhéantar foráil maidir lena chur i bhfeidhm.[20] Ar thaobh amháin, i mír 221 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta go sainráite d'argóint an Choimisiúin go bhfuil oibleagáid uathrialach ar na Ballstáit an prionsabal sin a chur i bhfeidhm ó Airteagal 107(1) CFAE. Ar an taobh eile, is léir go háirithe ó mhíreanna 210, 211, 218 go 220 agus 247 den bhreithiúnas sin go bhfuil an t-iarratas sa chás seo de phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách bunaithe ar rialacha cánach dhlí na hÉireann a bhaineann le cánachas corparáideach agus go bhfuil údar leis sa chreat tagartha arna shainaithint ag an gCoimisiún agus arna bhailíochtú ag an gCúirt Ghinearálta. Ina theannta sin, ní cosúil gur leagadh síos modhanna nó critéir chun prionsabal an

[20] Féach, go háirithe, míreanna 73 agus 74 agus ó 96 go 105 den bhreithiúnas *Fiat Chrysler*.

fheidhmithe neamhspleách a chur i bhfeidhm sa chleachtas riaracháin gur dhífheidhmigh an Coimisiún paraiméadair agus rialacha atá lasmuigh den chóras cánach náisiúnta. Os a choinne sin, i mír 239 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta go bhfuil forluí ann idir cur i bhfeidhm Airteagal 25 de TCA 97, mar a chuir Éire síos air, agus an anailís fheidhmiúil agus fhíorasach i gcomhthéacs na chéad chéime den anailís atá molta ag cur chuige údaraithe ECFE.[21] Ar deireadh, de réir mar a chinn an Chúirt Ghinearálta, go háirithe i mír 433 den bhreithiúnas sin, níor mhínigh Éire féin don chaighdeán dlíthiúil a bhí riachtanach cad é an t-údar beacht leis na paraiméadair a cuireadh san áireamh sna rialuithe cánach chun brabúis inchánach ASI agus AOE a ríomh.

25. Sa dara cuid dá phríomhlíne réasúnaíochta, a leagtar amach i Roinn 8.2.2.2(a) den chinneadh atá faoi chonspóid, shonraigh an Coimisiún an modh leithdháilte na mbrabús bunaithe ar phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách ar cheart d'údaráis chánach na hÉireann, dar leis, é a leanúint faoi Airteagal 25 de TCA 97. In aithris 272 den chinneadh sin, shonraigh sé nach mór na brabúis a bheadh le leithdháileadh ar an mbrainse de chuideachta neamhchónaitheach de bhun an Airteagail sin a mheas mar na brabúis a bheadh 'tuillte ag an mbrainse sin faoi phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách, go háirithe ina chuid déileálacha-idirbhearta leis na codanna eile den chuideachta, dá mba ghnóthas neamhspleách leithleach é a bhí ag gabháil do ghníomhaíochtaí céanna nó do ghníomhaíochtaí comhchosúla faoi na coinníollacha céanna nó faoi choinníollacha comhchosúla, agus na feidhmeanna a chomhlíontar, na sócmhainní a úsáidtear agus na rioscaí arna nglacadh ag an gcuideachta tríd an mbrainse agus trí na codanna eile den chuideachta á gcur san áireamh'. Dá bhrí sin, dár leis an gCoimisiún, ba faoi údaráis na hÉireann a bhí sé, sa chás seo, sula ndearna siad an modh leithdháilte na mbrabús a mhol Apple a cheadú, a fháil amach an raibh na ceadúnais IP agus a mbrabúis le leithdháileadh lasmuigh d'Éirinn, de réir mar a éilíonn Apple, agus chun é sin a dhéanamh, bheadh orthu comparáid a dhéanamh idir na feidhmeanna a comhlíonadh, na sócmhainní a úsáideadh agus na rioscaí a ghlac ASI agus AOE chucu féin, trína gceannoifigí agus a mbrainsí Éireannacha faoi seach (aithris 273).

26. Sa tríú cuid dá phríomhlíne réasúnaíochta, rinne an Coimisiún féin an fíorú sin, tar éis an phatrúin a fógraíodh in aithris 275 den chinneadh sin, lenar bhain anailís ar an dá chás éagsúla a raibh Éire agus Apple ag brath orthu chun údar a thabhairt le leithdháileadh ceadúnas IP lasmuigh d'Éirinn. Scrúdaíodh na cásanna sin, bunaithe ar dtús, ar na feidhmeanna a chomhlíonann na ceannoifigí agus, ar an dara dul síos, ar na feidhmeanna a rinne Apple Inc. i Roinn 8.2.2.2(b) den chinneadh atá faoi chonspóid (aithrisí 276 go 307) agus i Roinn 8.2.2.2(c) den chinneadh sin (aithrisí 308 go 318). Ba i gcomhthéacs an scrúdaithe ar an gcéad cheann de na cásanna sin a chuaigh an Coimisiún ar aghaidh tríd an gcur chuige 'eisiaimh' a cháin an Chúirt Ghinearálta. Is gá, dá bhrí sin, an dá chéim ar leith den scrúdú sin a leagan amach go hachomair. Sa chéad chéim, in aithrisí 281 go 293, scrúdaigh an Coimisiún staid na gceannoifigí. Thug sé faoi deara ar dtús nach raibh na ceannoifigí sin ann le linn na tréimhse ábhartha ach 'ar pháipéar', ós rud é nach raibh fostaithe acu ná nach raibh siad i láthair go fisiciúil lasmuigh d'Éirinn agus gurbh iad comhaltaí a mboird stiúrthóirí faoi seach amháin a d'fhéadfadh na feidhmeanna a sannadh dóibh a chomhlíonadh (aithris 281). Mar sin féin, níor thug an t-aon fhianaise a cuireadh ar fáil dó maidir le gníomhaíochtaí a rinne na boird sin aon léiriú ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le ceadúnais IP, ná aon phlé ná cinneadh maidir le tabhairt i gcrích nó leasú an chomhaontaithe roinnte costas, go dtí deireadh 2014 ar a laghad (aithris 282 go 285). Sa chomhthéacs sin, dhiúltaigh sé d'éileamh Apple mar éileamh doiléir agus gan bhunús go ndéanfaí gníomhaíochtaí bhoird stiúrthóirí ASI agus AOE a chur i gcrích ar an 'iliomad bealaí', á thabhairt faoi deara, thairis sin, dá mba rud é go raibh na gníomhaíochtaí sin fíorshuntasach, go measfaí ASI agus AOE a bheith ina

[21] De réir chur chuige údaraithe ECFE, is é is aidhm don anailís sa chéad chéim na sócmhainní, na feidhmeanna agus na rioscaí nach mór a shannadh do bhuanbhunaíocht cuideachta a shainaithint.

bhuanbhunaíocht sna Stáit Aontaithe, ós rud é gur bunaíodh formhór chomhaltaí na mbord sin ansin (aithris 287). Ina dhiaidh sin, in aithrisí 288 agus 289, a bhfuil an Chúirt Ghinearálta ag brath orthu *inter alia*, sonraigh an Coimisiún, ar an gcéad dul síos, ní hamháin nach raibh aon fhianaise ann ar ghníomhaíochtaí a rinne na bunaíochtaí i ndáil le ceadúnais IP, ach nach raibh sé d'acmhainn ag na bunaíochtaí sin freisin feidhmeanna bainistíochta gníomhacha a dhéanamh sa chomhthéacs sin agus, ar an dara dul síos, i bhfianaise easpa foirne na mbunaíochtaí, nach bhféadfadh ach brainsí Éireannacha na feidhmeanna sin, lena n-áirítear na feidhmeanna sin a shanntar do ASI agus do AOE leis an gcomhaontú maidir le comhroinnt costas, a chur i gcrích.[22] Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, in aithris 293 den chinneadh atá faoi chonspóid, 'nár rialaigh ná nach mbainistigh' na bunaíochtaí, 'ná nach raibh siad in ann ceadúnais IP a rialú ná a bhainistiú [...] ar bhealach a d'fhéadfadh na brabúis arna dtaifeadadh ag na cuideachtaí sin a dhíorthú'. Sa dara céim dá scrúdú, chuir an Coimisiún staid bhrainsí na hÉireann san áireamh chun a thaispeáint go mbeadh an toradh céanna mar thoradh ar anailís a rinneadh ar bhonn na bhfeidhmeanna a chomhlíontar, na sócmhainní a úsáideadh agus na rioscaí a ghlac na brainsí sin amháin. Dá bhrí sin, in aithrisí 296 go 303 den chinneadh atá faoi chonspóid, liostaíodh na feidhmeanna a bhí á gcomhlíonadh ag na brainsí sin ar cheart dóibh, dar leis, a bheith ina gcúis le húdaráis chánach na hÉireann gan glacadh le héileamh gan bhunús Apple gur ghá na ceadúnais IP agus na brabúis ábhartha a leithdháileadh ina n-iomláine lasmuigh d'Éirinn gan tuilleadh seiceálacha. In aithris 305 den chinneadh atá faoi chonspóid, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ar an gcéad dul síos, nár léirigh leithdháileadh brabús den sórt sin dáileadh a bheadh glactha ag brainsí Éireannacha dá mba rud é go raibh siad ina ngnóthais leithleacha agus neamhspleácha ag feidhmiú faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh agus, ar an dara dul síos, i bhfianaise easpa feidhmeanna arna gcomhlíonadh ag na bunaíochtaí agus/nó ag na feidhmeanna arna ndéanamh ag brainsí Éireannacha, gur cheart na ceadúnais IP a leithdháileadh orthu chun críocha cánach.

27. Ar deireadh, sa cheathrú cuid dá phríomhlíne réasúnaíochta, a leagtar amach i Roinn 8.2.2.2(c), leag an Coimisiún amach línte na hanailíse a rinneadh roimhe seo, inar cinneadh, i bhfianaise an mhodha a d'úsáid údaráis chánach na hÉireann chun ceadúnais IP a leithdháileadh agus a mbrabús, gur tháinig laghdú suntasach ar bhrabúis inchánach ASI agus AOE in Éirinn mar thoradh ar na rialuithe cánach agus, dá bhrí sin, gur thug siad buntáiste roghnaitheach do na cuideachtaí sin de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

28. Is féidir teacht ar na conclúidí seo a leanas ón méid thuas maidir leis an gcur chuige a lean an Coimisiún ina phríomhréasúnaíocht. Ar an gcéad dul síos, mheas sé – de bhua Airteagal 25 de TCA 97 agus d'fhonn a áirithiú, i gcomhréir leis an Airteagal sin, go gcinnfear brabúis inchánach ASI agus AOE i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách – tástáil dhlíthiúil arb é atá ann *comparáid a dhéanamh* idir na feidhmeanna a chomhlíonann ceannoifigí agus brainsí Éireannacha faoi seach i ndáil le ceadúnais IP. Ar an dara dul síos, agus an critéar sin á chur i bhfeidhm, rinne sé *scrúdú ar leithligh* ar an ról atá ag gach ceann de na heintitis sin i ndáil leis na ceadúnais sin. Ar an tríú dul síos, ag deireadh an scrúdaithe sin, fuair sé amach, ar thaobh amháin, go raibh *easpa iomlán feidhmeanna* ann maidir le ceadúnais IP i ndáil le ceannoifigí agus, ar an taobh eile, *ról gníomhach* mar thoradh ar ghlacadh le roinnt feidhmeanna – a meastar cuid acu a bheith 'ríthábhachtach' – agus rioscaí a bhaineann le bainistiú agus úsáid na gceadúnas sin maidir leis na brainsí Éireannacha. Ar an gceathrú dul síos, tá an cinneadh nach bhfuil aon fheidhmeanna ábhartha á gcomhlíonadh ag na ceannoifigí ar easpa fianaise Apple dá mhalairt, mar aon leis an gcinneadh nach bhfuil cumas éifeachtach ag na ceannoifigí sin na feidhmeanna sin a

[22] Is féidir teacht ar líne argóinte den chineál céanna in aithrisí 290 agus 323 den chinneadh atá faoi chonspóid, ach tá tagairt níos ginearálta d'éagmais láithreacht fhisiciúil agus phearsanta na gceannoifigí le feiceáil in aithrisí iomadúla agus i dteideal Roinn 8.2.2.2(b) den chinneadh sin.

chomhlíonadh. Ar an gcúigiú dul síos, níl réasúnaíocht an Choimisiúin bunaithe go heisiach, ná go príomha, ar an gcinneadh nach ann *d'aon fhoireann agus go bhfuil na ceannoifigí i láthair go fisiciúil*, in ainneoin an chinnidh sin a bheith á athlua in aithrisí an chinnidh atá faoi chonspóid, ach ar easpa *feidhmeanna* a chomhlíonann an cinneadh sin i ndáil le ceadúnais IP.

29. Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta sna míreanna den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ní hé an cinneadh ann féin nach raibh fostaithe ná láithreacht fhisiciúil ag na ceannoifigí a d'fhág gur chinn an Coimisiún gur ghá na ceadúnais IP, agus na brabúis ghaolmhara, a chur i leith bhrainsí na hÉireann, ach gur nascadh dhá chinneadh ar leith – eadhon, ar dtús, easpa iomlán feidhmeanna agus rioscaí arna nglacadh ag na ceannoifigí; agus anuas air sin, iliomad agus lárnacht na ndaoine atá fostaithe ag na brainsí – a dhéantar i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an tástáil dhlíthiúil a leagtar amach in aithris 272 den chinneadh atá faoi chonspóid, lenar ceanglaíodh go sonrach comparáid a dhéanamh idir na feidhmeanna a chomhlíontar, na sócmhainní a úsáideadh agus na rioscaí a ghabhann na páirtithe éagsúla lena gcuimsítear ASI agus AOE.

30. Ar bhonn na mbreithnithe thuasluaite go léir, measaim go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, trí mhíthuiscint a bhaint as an gcinneadh atá faoi chonspóid, go raibh cur chuige 'eisiaimh' glactha ag an gCoimisiún ina phríomhréasúnaíocht. Sáraítear leis an earráid sin ní hamháin na conclúidí ar tháinig an Chúirt Ghinearálta orthu i míreanna 187 agus 188 den bhreithiúnas atá faoi achomharc i ndáil le hAirteagal 25 de TCA 97, ach freisin na forais leis an mbreithiúnas sin inar cháin an Chúirt Ghinearálta measúnuithe eile an Choimisiúin maidir leis an ngnáthchánachas ar bhrabúis faoi dhlí cánach na hÉireann, a bhaineann faoi seach le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách (míreanna 228 agus 229) agus cur chuige údaraithe ECFE (mír 243 agus mír 244). Ba ar bhonn na hearráide léirithe céanna a chinn an Chúirt Ghinearálta nach raibh an modh a lean an Coimisiún sa chinneadh atá faoi chonspóid comhsheasmhach leis an bprionsabal sin nó leis an gcur chuige sin.

(ii) An dara gearán: neamhrialtacht sa nós imeachta

31. I gcomhthéacs an dara gearán sa chéad chuid dá chéad saincheist dlí, ag tagairt do bhreithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 2013, *Land Burgenland agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*,[23] maíonn an Coimisiún, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta neamhrialtacht nós imeachta trí neamhaird a thabhairt ar an anailís ar fheidhmeanna a bhí á gcomhlíonadh ag na brainsí Éireannacha atá in aithrisí 296 go 303 den chinneadh atá faoi chonspóid agus na barúlacha a chuir sí isteach ag an gcéad chéim, inar míníodh na feidhmeanna sin ar bhealach níos mionsonraithe.

32. Ní féidir seasamh leis an ngearán sin, dar liom. Gan aon ghá a bheith ann brath ar easpa ábharthachta an fhasaigh ar a bhfuil an Coimisiún ag brath – inar chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta scrúdú a dhéanamh ar na hargóintí a leagadh amach san iarratas lena dtionscnaítear imeachtaí agus nach ndearna an t-achomharcóir é a fhorbairt go dtí ina dhiaidh sin le linn na n-imeachtaí – is leor a thabhairt faoi deara go bhfuil an Coimisiún ag féachaint go bunúsach le cáineadh a dhéanamh mar neamhrialtacht nós imeachta ar an bhfíric gur ghlac an Chúirt Ghinearálta léirmhíniú difriúil ón gcinneadh sin a chuir sí in iúl. Mar a meabhraíodh i mír 18 na Tuairime seo, áfach, ní hamháin gur faoin gCúirt Ghinearálta a bhí sé an cinneadh sin a léiriú, ach bhí an Chúirt Ghinearálta i dteideal freisin imeacht ón léirmhíniú a mhol an Coimisiún le linn na n-imeachtaí, dá mbeadh údar leis sin. Sa chás seo, is léir ó léamh

[23] C-214/12 P, C-215/12 P agus C-223/12 P, EU:C:2013:682, mír 112.

foriomlán an bhreithiúnais atá faoi achomharc nár chuir an Chúirt Ghinearálta aon cheann d'eilimintí an chinnidh atá faoi chonspóid san áireamh, agus í á chinneadh go raibh an Coimisiún ag brath ar chur chuige 'eisiaimh', lena n-áirítear anailís ar na feidhmeanna a bhí á gcomhlíonadh ag na brainsí Éireannacha, ach nach ndearna sí ach léiriú éagsúil ón gCoimisiún ar thábhacht na n-eilimintí ar leith sin agus ar a gcur in iúl i scéim an chinnidh sin. Sna himthosca sin, dá bhrí sin, tá gearán an Choimisiúin gan neamhspleáchas agus ní féidir é a dhealú ón líomhain go bhfuil earráid léirmhínithe ann.

(iii) An tríú gearán: contrárthacht agus neamhdhóthanacht na bhforas

33. Leis an tríú gearán sa chéad chuid dá chéad saincheist dlí, líomhnaíonn an Coimisiún gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta cúiseanna a lua faoi dhó.

34. Ar an gcéad dul síos, ag brath ar na hargóintí céanna leis na hargóintí a cuireadh chun cinn mar thaca leis an ngearán maidir le neamhrialtacht nós imeachta a scrúdaíodh, déanann an Coimisiún a thíolacadh nach bhfuil an breithiúnas atá faoi achomharc sách réasúnaithe a mhéid a mheasann sé go bhfuil an príomhréasúnú bunaithe ar chur chuige 'eisiaimh', ós rud é nach luaitear ann na cúiseanna le mainneachtain na Cúirte Ginearálta anailís an Choimisiúin ar fheidhmeanna bhrainsí na hÉireann a chur san áireamh. I ndáil leis sin, measaim, go bunúsach, ar na cúiseanna céanna leis na cúiseanna a leagtar amach i mír 28 na Tuairime seo, nach mór cáineadh an Choimisiúin a dhiúltú mar cháineadh gan bhunús.

35. Ar an dara dul síos, áitíonn an Coimisiún go bhfuil forais an bhreithiúnais atá faoi achomharc contrártha. I ndáil leis sin, ní mór a shonrú go bhfuil teannas soiléir idir, ar thaobh amháin, na conclúidí ar tháinig an Chúirt Ghinearálta orthu i míreanna 186, 228 agus 243 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar dá réir nár fhéach an Coimisiún lena shuíomh gur as na gníomhaíochtaí a rinne na brainsí sin iarbhír a bhí na ceadúnais IP á sannadh do bhrainsí na hÉireann agus, ar an taobh eile, i míreanna 283, 284 agus 295 den bhreithiúnas sin, inar mheas an Chúirt Ghinearálta, ar an taobh eile, gur aithin an Coimisiún na feidhmeanna a bhí á gcomhlíonadh ag na brainsí sin a d'údaraigh, dar leis, leithdháileadh den sórt sin. Ní mhínítear an teannas sin, mar a mhol ASI agus AOI, tríd an mbreithiúnas atá faoi achomharc a léiriú mar rud a chiallaíonn gur chuir an Chúirt Ghinearálta i leith an Choimisiúin i ndáiríre ní trí chur chuige 'eisiaimh' ach trí chur chuige 'measctha'. Tá léiriú den sórt sin, chomh maith le foclaíocht shoiléir an bhreithiúnais sin, i gcoinne an chaidrimh idir na codanna éagsúla den bhreithiúnas sin, lena n-áirítear na pointí is cúis le contrárthacht sna forais ar a bhfuil an Coimisiún ag brath. Is cuid den tríú cuid de na saincheisteanna dlí a bhaineann leis an anailís ar an bpríomhlíne réasúnaíochta mhíreanna 255 go 295 den bhreithiúnas faoi achomharc. Anois, is léir ó mhír 250 den bhreithiúnas sin go ndéantar na measúnuithe sa chuid sin '*ar mhaithe le hiomláine*' tar éis don Chúirt Ghinearálta a chinneadh cheana féin, ag deireadh an dara cuid dá hanailís, go raibh an phríomhlíne réasúnaíochta 'bunaithe ar mheasúnuithe míchearta ar ghnáthchánachas faoi dhlí cánach na hÉireann is infheidhme sa chás seo'. Is é sin le rá, glactar le míreanna 255 go 295 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, i scéim ghinearálta réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta, go bhfuil sé iomarcach. Is cosúil nach de chineál idirmheánach í an chonclúid i mír 249 ná go n-éilítear léi an anailís bhreise atá i míreanna 255 go 295 den bhreithiúnas sin, anailís a dhéanann an Chúirt Ghinearálta ar mhaithe le hiomláine amháin. Dá bhrí sin, ní mór seasamh leis an tríú gearán sa chéad chuid den chéad saincheist dlí, a mhéid a líomhnaítear leis go bhfuil contrárthacht ann ar na forais, i mo thuairimse.

(b) Conclúidí maidir leis an gcéad chuid den chéad saincheist dlí

36. I bhfianaise na mbreithnithe sin roimhe seo, molaim go seasfaidh an Chúirt leis an gcéad chuid den chéad saincheist dlí.

2. An dara cuid den chéad saincheist dlí

37. Tá an dara cuid den chéad saincheist dlí dírithe i gcoinne mhíreanna 251 go 311 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, inar scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta measúnuithe an Choimisiúin maidir leis na gníomhaíochtaí laistigh de ghrúpa Apple, ina ndearnadh athbhreithniú, dá réir sin, ar ghníomhaíocht bhrainse Éireannach ASI (míreanna 255 go 284), ar ghníomhaíocht bhrainse Éireannach AOE (míreanna 285 go 295) agus ar na gníomhaíochtaí lasmuigh de na brainsí sin (míreanna 296 go 309). Cuireann an Coimisiún i gcoinne ghlacadh intuigthe na Cúirte Ginearálta le hábharthacht na bhfeidhmeanna a chomhlíonann Apple Inc. d'fhonn brabúis incháinithe ASI agus AOE in Éirinn a chinneadh. Ós rud é gur eintiteas ar leithligh ó ASI agus AOE é Apple Inc., déanann sé tagairt do na feidhmeanna a chomhlíonann sé i ndáil le IP ghrúpa Apple ina cháil mar mháthairchuideachta nó i gcur chun feidhme comhaontuithe laistigh de ghrúpa, cibé acu an chun tairbhe an ghrúpa ina iomláine nó go sonrach é na cuideachtaí sin, nó 'thar ceann' na gcuideachtaí sin, nach bhfuil aon bhaint acu leis an gceist cé, idir brainsí nó bunaíochtaí na hÉireann, a bhí le leithdháileadh chun críocha cánach ar na ceadúnais a bhí i seilbh na gcuideachtaí sin ar bhonn críochach. Déanann an Coimisiún dhá ghearán ar leith. Líomhnaítear sa chéad cheann go bhfuil neamhrialtacht nós imeachta ann agus réasúnaíocht neamhleor agus contrártha, líomhnaítear sa dara ceann sárú ar Airteagal 107(1) CFAE, saobhadh ar dhlí na hÉireann agus neamhrialtacht nós imeachta. Le hargóintí forluiteacha den chuid is mó, cuireann ASI agus AOE chomh maith le hÉirinn agus Ard-Diúcacht Lucsamburg in iúl go bhfuil na gearáin a d'ardaigh an Coimisiún neamh-inghlactha agus neamhéifeachtach i bpáirt agus, in aon chás, go bhfuil siad gan bhunús. Agus aghaidh á tabhairt agam in ord droim ar ais ar na haighneachtaí a d'ardaigh an Coimisiún, tosóidh mé tríd an dara gearán a scrúdú.

(a) An dara gearán

38. Cuireann an Coimisiún in iúl, go príomha, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta cur chuige an eintitis ar leithligh agus prionsabal an fheidhmithe neamhspleách ar a bhfuil Airteagal 25 den Chomhaontú Trádála agus Comhair bunaithe, trí bheith ag brath ar fheidhmeanna Apple Inc. Ós rud é, i gcomhréir le breithiúnas an 28 Meitheamh 2018, *Andres (dócmhainneacht Heitkamp BauHolding)* v *an Coimisiún* ('breithiúnas *Andres*'),[24] is ionann earráid i léiriú agus i gcur i bhfeidhm an dlí náisiúnta agus i gcur i bhfeidhm Airteagal 107(1) CFAE, líomhnaítear gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta an fhoráil sin freisin. Go sonrach, dár leis an Coimisiún, léirigh an Chúirt Ghinearálta dlí na hÉireann mar is ceart trína áitiú, i mír 248 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, 'chun críocha Airteagal 25 de TCA 97 a chur i bhfeidhm, nach mór roinnt na sócmhainní, na bhfeidhmeanna agus na rioscaí idir an brainse agus codanna eile den chuideachta sin a chur san áireamh i leithdháileadh brabús ar bhrainse Éireannach de chuideachta neamhchónaitheach'. Mar sin féin, i míreanna 255 go 302 den bhreithiúnas sin, chuir sé 'tástáil dhlíthiúil' éagsúil earráideach i bhfeidhm trí na feidhmeanna atá á gcomhlíonadh ag na brainsí Éireannacha a chur i gcomparáid leis na feidhmeanna atá á gcomhlíonadh ag Apple Inc. seachas na feidhmeanna a dhéanann na ceannoifigí. Mar mhalairt air sin, cuireann an Coimisiún in iúl gurb ionann an sárú ar phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách agus cur chuige an eintitis ar

[24] C-203/16 P, EU:C:2018:505, míreanna 77 go 81.

leithligh agus saobhadh follasach ar an dlí náisiúnta. Ar deireadh, cáineann an Coimisiún an Chúirt Ghinearálta as neamhrialtacht nós imeachta lena mbítear ag brath ar fhianaise neamh-inghlactha.

(1) Inghlacthacht

39. Measann ASI agus AOI chomh maith le hÉirinn agus Ard-Diúcacht Lucsamburg nach bhfuil an gearán seo inghlactha a mhéid a fhéachann siad le cur i gcoinne mheasúnú na Cúirte Ginearálta ar na fíorais agus ar an bhfianaise.

40. Bhí deis agam a chur in iúl cheana féin, nach bhfuil aon dlínse ag an gCúirt na fíorais a shuíomh ná, i bprionsabal, an fhianaise a ghlac an Chúirt Ghinearálta chun tacú leis na fíorais sin a scrúdú, gan dochar do mhíchruinneas ábhartha na gcinntí fíorais a rinne sí agus do shaobhadh na fianaise os a comhair.[25] Tá sé ráite ag an gCúirt, áfach, i gcás ina bhfuil na fíorais suite nó measúnaithe ag an gCúirt Ghinearálta, go bhfuil dlínse aici, faoi Airteagal 256 CFAE, athbhreithniú a dhéanamh ar aicmiú dlíthiúil na bhfíoras sin agus ar na conclúidí dlíthiúla a baineadh astu. Baineann an dlínse chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCúirt Bhreithiúnais, go háirithe, leis an gceist maidir le comhlíonadh na rialacha maidir leis an dualgas cruthúnais, maidir le glacadh fianaise agus maidir le tástálacha dlíthiúla cearta a bheith á gcur i bhfeidhm ag an gCúirt Ghinearálta agus measúnú á dhéanamh aici ar na fíorais agus ar an bhfianaise.[26] Sa chás seo, mar atá luaite thuas, cuireann an Coimisiún in iúl, trí fheidhmeanna Apple Inc. a chur san áireamh, gur chuir an Chúirt Ghinearálta a hanailís fhíorasach i mír 251 go mír 311 den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus na torthaí a fuarthas ón anailís sin ó bhail, rud a d'fhág go ndearnadh an dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm go mícheart agus go ndearnadh sárú ar Airteagal 107(1) CFAE. Dá bhrí sin, baineann argóintí an Choimisiúin le comhoiriúnacht dhlí na hÉireann maidir leis an gcritéar ar a bhonn a d'ainmnigh an Chúirt Ghinearálta na fíorais (an 'tástáil dhlíthiúil' a chuir an Chúirt Ghinearálta i bhfeidhm) agus na hiarmhairtí dlíthiúla a leanann as. Sna himthosca sin, is léir dom nach bhfuil an gearán seo ceaptha ina iomláine chun agóid a dhéanamh i gcoinne fíorais a aimsiú nó i gcoinne mheasúnú na fianaise ag an gCúirt Ghinearálta. Ní chuirtear as an áireamh leis sin go bhféadfadh sé go mbeadh cuid de cháineadh an Choimisiúin ar ghnéithe aonair den anailís fhíorasach a rinne an Chúirt Ghinearálta neamh-inghlactha, ina n-aonar. Déanfar an fhéidearthacht sin a fhíorú le linn na hanailíse.

41. Áitíonn ASI agus AOI chomh maith le hÉirinn agus le hArd-Diúcacht Lucsamburg nach bhfuil an gearán seo inghlactha a mhéid a fhéachtar leis cur i gcoinne mheasúnuithe na Cúirte Ginearálta ar dhlí na hÉireann, gan saobhadh ar an dlí sin a agairt. Go háirithe, cuireann Éire in iúl go bhfuil an Coimisiún ag brath ar léiriú mícheart ar bhreithiúnas *Andres* a mhéid a mhaíonn sé, go bunúsach, gurb ionann aon earráid i léiriú agus i gcur i bhfeidhm an dlí náisiúnta agus earráid i léiriú agus i gcur i bhfeidhm Airteagal 107(1) CFAE.

42. Ba mhaith liom a chur in iúl, de réir cásdlí socair, 'maidir le measúnú a dhéanamh, i gcomhthéacs achomhairc, ar chinneadh na Cúirte Ginearálta ar an dlí náisiúnta, ar measúnuithe fíoras iad, i réimse na Státchabhrach, nach bhfuil dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais ach amháin chun a fhíorú ar tharla saobhadh ar an dlí sin'. Ar an taobh eile, 'ós rud é gur ceist dlí é measúnú a dhéanamh, i gcomhthéacs achomhairc, ar an aicmiú dlíthiúil ar bhonn foráil de dhlí an Aontais a thug an Chúirt Ghinearálta don dlí náisiúnta sin, tagann sé faoi dhlínse na Cúirte

[25] Féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *Severstal agus NLMK* v *an Coimisiún* (C-747/21 P agus C-748/21 P, EU:C:2023:459, míreanna 45 agus 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[26] Féach breithiúnas an 2 Márta 2021, *an Coimisiún* v *an Iodáil agus páirtithe eile* (C-425/19 P, EU:C:2021:154, mír 53).

Breithiúnais'.[27] I míreanna 79 go 81 de bhreithiúnas *Andres*, a luaigh an Coimisiún, shonraigh an Chúirt Bhreithiúnais, cé nach féidir leis an gCúirt Ghinearálta 'ábhar agus raon feidhme an dlí náisiúnta', mar atá leagtha síos ag an gCúirt Ghinearálta, a chonspóid ar achomharc, i bprionsabal agus ach amháin i gcás inar saobhadh tuiscint shoiléir an dlí sin, is féidir agóid a dhéanamh ag céim an achomhairc i gcoinne an aicmithe mar 'chreat tagartha' a shanntar do rialacha an dlí sin, agus dá bhrí sin is é an Chúirt Ghinearálta an teorannú ceart ar an gcreat tagartha ábhartha. In *Fiat Chrysler*, shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais freisin gurb ionann an cheist maidir le cé acu a chuir nó nach ndearna an Chúirt Ghinearálta tástáil dhlíthiúil, amhail prionsabal an fheidhmithe neamhspleách, agus an teorannú sin á dhéanamh i gceart aici, ceist dlí a d'fhéadfadh an Chúirt Bhreithiúnais a athbhreithniú ag céim an achomhairc.[28]

43. I bhfianaise na bprionsabal a leagtar amach thuas, agus i bhfianaise staid reatha an chásdlí, is cosúil go bhféadfar léirthuiscint an Choimisiúin ar bhreithiúnas *Andres* a cháineadh. Leis an nádúr uathoibríoch ar a bhfuil sé bunaithe, cuirtear deireadh go héifeachtach leis an idirdhealú, a dheimhnítear in *Fiat Chrysler*, idir, ar thaobh amháin, cinntí na Cúirte Ginearálta lena mbeartaítear *ábhar agus raon feidhme* an dlí náisiúnta agus a *chur i bhfeidhm* sa chás seo a shoiléiriú agus, ar an taobh eile, cinntí a bhaineann leis an dlí sin a mbraitheann teorannú ceart an chreata tagartha ina leith chun críocha Airteagal 107(1) CFAE a chur i bhfeidhm agus ar an gcaoi sin sainaithint fhorálacha an dlí náisiúnta a thagann faoin gcreat tagartha sin.[29]

44. Ardaítear leis an díospóireacht idir na páirtithe an cheist íogair maidir leis an teorainn idir bunú na bhfíoras agus aicmiú dlíthiúil na bhfíoras i bhfianaise chinntí na Cúirte Ginearálta a bhaineann leis an dlí náisiúnta maidir le Státchabhair. Is éard atá sa dara ceann, mar is eol go maith, ná oibriú na fíorais ábhartha a bunaíodh roimhe sin a aistriú chuig catagóir dhlíthiúil ar leith, óna sainaithnítear na rialacha dlíthiúla is infheidhme maidir leis an gcás seo. Ós rud é gur phróiseas cognaíoch é seo go bunúsach, ní hionann é agus na fíorais a shuíomh amháin agus, i bhfianaise a thábhachtaí atá sé i gcomhthéacs na réasúnaíochta dlíthiúla, is féidir athbhreithniú a dhéanamh air ar achomharc, mar a chonacthas. Má mheastar go bhfuil an earráid a bhaineann leis an sainmhíniú ar bhrí agus raon feidhme forála den dlí náisiúnta nó a cur i bhfeidhm, a bhfuiltear ag brath uirthi ar achomharc, faoi dhliteanas, toisc go ndéanann sí difear do theorannú nó do chur i bhfeidhm an chreata tagartha, go ndéanfadh sí difear d'aicmiú an cháis faoi choincheap an bhuntáiste roghnaithigh de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ba cheart go bhféadfadh an Chúirt athbhreithniú a dhéanamh ar an earráid sin, mar a d'fhág sí in aicmiú dlíthiúil an dlí náisiúnta ar bhonn foráil de dhlí an Aontais.[30]

45. Mar sin féin, tá raon feidhme iarbhír na bprionsabal a leagtar amach i mír 37 na Tuairime seo fós le soiléiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais agus tá an teorainn idir díospóidí atá inghlactha ar achomharc agus dúshláin neamh-inghlactha, a mhéid a bhaineann le measúnuithe na Cúirte Ginearálta ar an dlí náisiúnta, fós gan réiteach.

46. Mar sin féin, ní dhéanann an méid sin roimhe seo difear, i mo thuairimse, d'inghlacthacht na n-argóintí a chuir an Coimisiún ar aghaidh sa ghearán seo. Ar an gcéad dul síos, formhuiníonn an Coimisiún gan chuntar an tástáil dhlíthiúil, a chinn an Chúirt Ghinearálta, ina tuairim di, a bheith infheidhme sa chás seo faoi dhlí na hÉireann chun anailís a dhéanamh ar bhuntáiste a bheith ann

[27] Féach breithiúnas *Andres*, mír 78.

[28] Breithiúnas *Fiat Chrysler*, mír 85.

[29] De réir cásdlí socair, ní mór cinneadh an chreata tagartha a bheith mar thoradh ar scrúdú oibiachtúil ar 'ábhar, struchtúr agus éifeachtaí praiticiúla na rialacha is infheidhme faoi dhlí náisiúnta' an Bhallstáit lena mbaineann (féach breithiúnas *Fiat Chrysler*, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[30] Féach, chuige sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott in *an Coimisiún* v *Lucsamburg agus páirtithe eile* (C-457/21 P, EU:C:2023:466, mír 88).

de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Ar an dara dul síos, má mhaíonn an Coimisiún gur cuireadh an dlí náisiúnta i bhfeidhm go mícheart maidir le himthosca an cháis seo, is é sin a mhéid, dar leis an gCoimisiún, a chuir an Chúirt Ghinearálta tástáil dhlíthiúil i bhfeidhm atá éagsúil leis an tástáil a sainaithníodh i gceart. Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil argóint an Choimisiúin ar na hargóintí ina measc iad siúd a chinn an Chúirt, i mír 85 den bhreithiúnas, a bheith inghlactha 'dá réir sin', ós rud é gur thug siad faoi cheist rogha an chreata tagartha i gcomhthéacs na chéad chéime den anailís ar bhuntáiste roghnaitheach a bheith ann.

47. In aon chás, murab ionann agus a mhaíonn ASI agus AOI chomh maith le hÉirinn, braitheann an Coimisiún go sainráite freisin ar shaobhadh ar dhlí na hÉireann, rud a fhágann go gcaithfidh an Chúirt measúnú a dhéanamh ar fhiúntas argóintí an Choimisiúin, ar a laghad chun a fháil amach an bhfuil saobhadh den sórt sin cruthaithe go leordhóthanach.

48. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, i mo thuairimse, ní mór diúltú freisin do phléadálacha neamh-inghlacthachta na hÉireann agus ASI agus AOI atá bunaithe ar an agóid arna déanamh ag an gCoimisiún maidir le measúnuithe a bhaineann le dlí na hÉireann.

(2) Substaint an cháis

(i) Fianaise neamh-inghlactha a chur san áireamh

49. Measaim gur gá scrúdú a dhéanamh mar ábhar tosaíochta ar an agóid a bhaineann le neamhrialtacht nós imeachta a eascraíonn as fianaise neamh-inghlactha a chur san áireamh, a mhéid a dhéanann sé difear do bhailíocht an bhoinn fianaise ar a bhraith an Chúirt Ghinearálta. Áitíonn an Coimisiún go bhfuil an fhianaise dá dtagraítear i mír 301 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, as ar léir, dar leis an gCúirt Ghinearálta go ndearna stiúrthóirí ghrúpa Apple na conarthaí le monaróirí tríú páirtí (Original Equipment Manufacturers nó 'OEManna'), atá freagrach as monarú cuid mhór de na táirgí a dhíolann ASI, agus conarthaí le custaiméirí amhail oibreoirí teileachumarsáide, a chaibidliú ag stiúrthóirí ghrúpa Apple agus sínithe ag Apple Inc., agus ag ASI, trína stiúrthóirí faoi seach, go díreach nó le cumhacht aturnae, do-ghlactha. Dar leis an gCoimisiún, níorbh fhéidir an fhianaise sin a chur san áireamh ag an gCúirt Ghinearálta, arb é atá inti, ar thaobh amháin, malartuithe ríomhphost éagsúil idir stiúrthóirí Apple Inc. maidir le teagmhálacha le OEManna agus le hoibreoirí teileachumarsáide agus, ar an taobh eile, ceithre chumhacht aturnae arna n-eisiúint ag ASI chuig stiúrthóirí Apple Inc. ('cumhachtaí aturnae a bhaineann le síniú na gconarthaí le OEManna agus le hoibreoirí teileachumarsáide'),[31] ós rud é nár chuireadh iad ar fáil le linn an nós imeachta riaracháin agus, i ndáil le trí cinn de na cumhachtaí aturnae sin, agus ar a mhuin sin sa mhéid gur tugadh ar aird go déanach os comhair na Cúirte Ginearálta iad, ag céim an fhreagra amháin. Ní dhíospóideann ASI ná AOI gur cuireadh an fhianaise sin faoi bhráid na Cúirte Ginearálta den chéad uair ag an gcéim sin. Cuireann siad in iúl, áfach, go raibh an Coimisiún ar an eolas faoi ghníomhaíocht fheidhmeannaigh ASI agus AOE atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus faoi na cumhachtaí aturnae thuasluaite a bheith ann agus faoin tábhacht a bhaineann leo agus, dá ndéanfadh an Coimisiún imscrúdú iomchuí, go bhféadfadh sé an fhianaise ábhartha go léir a fháil.

50. I ndáil leis sin, ba mhaith liom a chur in iúl, de réir cásdlí socair, nach mór do Chúirteanna an Aontais measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht cinnidh maidir le Státchabhair i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún nuair a ghlac sé é.[32] Ina breithiúnas an 20 Meán Fómhair

[31] Is léir ón gcomhad go bhfuil siad seo, *inter alia*, cumhachtaí aturnae eisithe chuig POF agus leas-uachtarán Apple Inc.

[32] Féach breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2010, *an Coimisiún* v *Scott*, (C-290/07 P, EU:C:2010:480, mír 91 agus an cásdlí dá dtagraítear).

2017, *an Coimisiún* v *Frucona Košice*,[33] luaigh an Chúirt go n-áirítear san fhaisnéis 'atá ar fáil' don Choimisiún faisnéis a bhí ábhartha maidir leis an measúnú a bhí le déanamh agus a d'fhéadfadh sé, arna iarraidh sin, a thabhairt ar aird le linn an nós imeachta riaracháin.[34] Sa chás seo, maidir le, ar an gcéad dul síos, malartuithe ríomhphost idir stiúrthóirí Apple Inc. maidir le teagmhálacha le OEManna agus le hoibreoirí teileachumarsáide, tugaim faoi deara gur léir ón gcomhad os comhair na Cúirte nach gcuireann na malartuithe sin ach gníomhaíochtaí a rinne fostaithe Apple Inc. san áireamh i gcomhthéacs an chomhaontaithe roinnte costas agus nach bhfuil aon tagairt intuigthe nó sainráite iontu do ASI. Dá bhrí sin, ba dhoiciméid iad na doiciméid sin a mheas an Coimisiún a bheith lasmuigh d'ábhar an nós imeachta riaracháin, ós rud é go mbaineann siad le gníomhaíochtaí eintitis ar leith ó ASI agus le caidreamh inghrúpa nach mbaineann le hábhar na rialuithe cánach. Dá bhrí sin, i mo thuairimse, ní féidir a rá, fiú dá bhféadfadh sé glacadh leis go raibh sí ann, gur ghá a iarraidh go dtabharfaí an fhianaise sin ar aird le linn an nós imeachta riaracháin. Ar an taobh eile, ba faoi Apple a bhí sé, go háirithe i bhfianaise an tseasaimh a ghlac an Coimisiún, an fhianaise ar fad a bhí ar fáil dó a chur ar fáil d'fhonn a thaispeáint go ndearnadh na caibidlíochtaí sin thar ceann cheannoifig ASI seachas thar ceann ghrúpa Apple ina iomláine. Maidir leis an gcumhacht aturnae a bhaineann le conarthaí a shíniú le OEManna agus le hoibreoirí teileachumarsáide ar an dara dul síos, ba mhaith liom a chur in iúl, ar dtús, nach bhfuil sí faoi dhíospóid gurb í an phríomhfhianaise í seachas an t-aon fhianaise ar ar bhraith an Chúirt Ghinearálta i mír 301 den bhreithiúnas atá faoi achomharc. Is comhfhoras é freisin nár soláthraíodh liosta iomlán na gcumhachtaí aturnae a d'eisigh stiúrthóirí ASI agus AOE ach amháin mar iarscríbhinn lena n-iarratas ag an gcéad chéim agus nár soláthraíodh téacs trí cinn de na cumhachtaí aturnae sin ach amháin ag céim an fhreagra, ach níor soláthraíodh an ceathrú téacs riamh, dar leis an gCoimisiúin, gan ASI agus AOI a bhréagnú riamh.[35] Ní chonspóidtear ach an oiread nár luadh sna miontuairiscí chruinnithe bhoird ASI agus AOE a cuireadh i láthair le linn an nós imeachta riaracháin ('miontuairiscí arna scrúdú ag an gCoimisiún') aon chumhacht aturnae maidir le conarthaí a shíniú le OEManna, ach amháin an chumhacht aturnae a bhaineann le conarthaí a shíniú le hoibreoirí teileachumarsáide, ar cumhacht aturnae í nár soláthraíodh, áfach, mar a luaitear thuas. Maidir leis an bhfianaise a cuireadh in iúl don Choimisiún le linn an nós imeachta riaracháin, tugaim faoi deara go dtagraíonn barúlacha Apple an 7 Meán Fómhair 2015, a bhí i gceangal leis an iarscríbhinn le hiarratas ASI agus AOE os comhair na Cúirte Ginearálta, do chóras cumhachtaí aturnae a bheith ann arna n-eisiúint ag boird stiúrthóirí ASI agus AOE, go háirithe, d'fhonn conarthaí a chaibidliú agus a shíniú le OEManna agus le hoibreoirí teileachumarsáide. Mar sin féin, tá na barúlacha sin teoranta do thagairt dhoiléir agus gan bhunús.[36] Sna himthosca sin, measaim nach féidir an Coimisiún a cháineadh toisc nach bhfuair sé na cumhachtaí aturnae atá i gceist le linn an nós imeachta riaracháin, go háirithe ós rud é gur iarr sé agus gur scrúdaigh sé miontuairiscí uile chruinnithe bhoird stiúrthóirí ASI agus AOE le linn na tréimhse ábhartha, gan beagnach aon rian de na cumhachtaí aturnae sin a aimsiú. Mar sin

[33] C-300/16 P, EU:C:2017:706, mír 71 ('breithiúnas *an Coimisiún* v *Frucona Košice*').

[34] Féach freisin breithiúnas an 29 Meitheamh 2023, *TUIfly* v *an Coimisiún* (C-763/21 P, EU:C:2023:528, mír 47).

[35] Ní luann ASI agus AOI ach gur chuir siad miontuairiscí bhord stiúrthóirí ASI ar fáil don Choimisiún an 27 Iúil 2011 ina luaitear an chumhacht aturnae atá faoi cheist, ach nach nglacann siad seasamh ar dhearbhú an Choimisiúin nár cuireadh téacs na cumhachta aturnae sin (is cosúil ó na miontuairiscí a bheith san áireamh mar iarscríbhinn leis na miontuairiscí sin) ar fáil riamh.

[36] Ní luaitear i dtuairimí an 14 Aibreán 2015, lenar thagair ASI agus AOI freisin, ach go bhfuil téarmaí na gconarthaí le OEManna agus le hoibreoirí teileachumarsáide sainithe go lárnach ag feidhmeannaigh in Cupertino agus gur shínigh feidhmeannaigh sna Stáit Aontaithe na conarthaí sin thar ceann ASI ar bhonn cumhacht aturnae roimh 2013. Luann siad freisin, nuair a cuireadh na conarthaí sin ar bhonn foirmiúil, gur fheidhmigh brainse Éireannach ASI na conarthaí sin trí orduithe ceannaigh a eisiúint. Ar an gcaoi chéanna, ní luaitear i mbarúlacha na hÉireann an 29 Eanáir 2016 ach go bhfuil na conarthaí le OEManna sínithe agus forghníomhaithe ag feidhmeannaigh ASI. Thug ASI agus AOE doiciméad ar aird os comhair na Cúirte Ginearálta, inar míníodh na socruithe maidir le comh-idirbheartaíocht (Apple Inc. agus ASI) agus síniú na gconarthaí leis na OEManna. Tháirg siad ceann de na conarthaí sin freisin lena n-áirítear, le haghaidh ASI, síniú fostaí de chuid Apple Inc., stiúrthóir ainmnithe ASI sa bhliain airgeadais ábhartha.

féin, i mo thuairimse, is faoi Apple a bhí sé, d'fhonn bunús a thabhairt leis na fíorais a atógáil, na cumhachtaí aturnae sin a thabhairt ar aird a luaithe is féidir, gan fanacht leis gurb é seo an deis dheireanach atá ar fáil dó i gcomhthéacs na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta.

51. Dá bhrí sin, ní mór, dar liom, seasamh le hargóintí an Choimisiúin lena líomhnaítear neamhrialtacht nós imeachta a eascraíonn as fianaise neamh-inghlactha a chur san áireamh.

(ii) An tástáil dhlíthiúil is infheidhme faoi dhlí na hÉireann

52. Measann an Coimisiún go ndearna an Chúirt Ghinearálta an tástáil dhlíthiúil is infheidhme faoi dhlí na hÉireann chun críocha brabúis incháinithe cuideachta neamhchónaithí in Éirinn a chinneadh a shainaithint i gceart i mír 248 den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus nach mór dó 'roinnt sócmhainní, feidhmeanna agus rioscaí idir an brainse agus codanna eile na cuideachta sin' a chur san áireamh. Measann Éire, ar an taobh eile, nach mór don anailís ábhartha chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 25 de TCA 97, mar a chinn an Chúirt Ghinearálta, go háirithe i mír 227 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus a deimhníodh i roinnt míreanna eile den bhreithiúnas sin, baint a bheith aici le 'fíorghníomhaíocht [bhrainsí na hÉireann de chuideachta neamhchónaitheach] agus margadhluach' na ngníomhaíochtaí sin. Ó thaobh ASI agus AOI de, cuireann siad in iúl, i míreanna 182 go 186 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur shoiléirigh an Chúirt Ghinearálta, faoi dhlí na hÉireann, nach féidir brabúis ó IP a chur i leith bhrainse na hÉireann de chuideachta neamhchónaitheach ach amháin má tá IP a ghineann an brabúis á rialú ag an mbrainse sin. Dála na hÉireann, measann ASI agus AOI nach bhfuil aon ábharthacht ag na gníomhaíochtaí a dhéanann na ceannoifigí chun críocha Airteagal 25 de TCA 97. Ar deireadh, maíonn Éire agus ASI agus AOI araon, go bunúsach, go mbaineann mír 248 den bhreithiúnas atá faoi achomharc ar a bhfuil an Coimisiún ag brath ar chur chuige údaraithe ECFE a chur i bhfeidhm, ní le hAirteagal 25 de TCA 97 agus, in aon chás, gur léir, *inter alia*, ó mhír 242 den bhreithiúnas sin nach dtacaíonn an cur chuige sin leis an anailís chomparáideach ar a bhfuil an Coimisiún ag brath, anailís atá contrártha le dlí na hÉireann.

53. Leis an gcur i láthair gairid ar phríomhargóintí na bpáirtithe thuas, is féidir dhá réamhbhreithniú a dhéanamh. Is é an chéad cheann go n-eisiatar leis na hargóintí sin go léir ábharthacht, chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 25 de TCA 97, na feidhmeanna a dhéanann aonán ar leithligh ón gcuideachta neamhchónaitheach a bhfuil a bhrabús incháinithe le measúnú in Éirinn, fiú má tá baint aige leis, ar nós Apple Inc. Is é an toradh a bhíonn ar chritéar leithdháilte brabúis amhail an critéar a mhol Éire agus ASI agus AOI, lena gcuirtear san áireamh go heisiach na gníomhaíochtaí a dhéanann na brainsí Éireannacha go hiarbhír agus go loighciúil, go n-eisiatar na feidhmeanna a chomhlíonann Apple Inc. ón anailís ábhartha faoin Airteagal sin. Is é an dara breithniú ná nach bhfuil soiléireacht sa bhreithiúnas atá faoi achomharc maidir leis an sainmhíniú ar an modh leithdháilte brabús atá mar bhonn agus mar thaca le cur i bhfeidhm Airteagal 25 TCA 97. Is pointe ríthábhachtach é sin, áfach, don anailís atá le déanamh faoi Airteagal 107(1) CFAE, ós rud é go ndéanann sé difear don sainmhíniú ar 'gnáthchánachas' faoi dhlí na hÉireann ar a bhonn nach mór measúnú a dhéanamh ar bhuntáiste a bheith ann de réir bhrí na forála sin. Ag brath ar roinnt míreanna den bhreithiúnas atá faoi achomharc, shainaithin na páirtithe trí chritéar maidir le brabúis a leithdháileadh ar bhrainse na hÉireann de chuideachta neamhchónaitheach, éilítear leis an gcéad cheann cruthúnas ar rialú ag brainse na sócmhainne óna ndíorthaítear na brabúis atá le cur i leith ('critéar rialaithe', míreanna 182 go 185 den bhreithiúnas atá faoi achomharc), tá an dara ceann bunaithe ar na gníomhaíochtaí a dhéanann an brainse go hiarbhír agus ar an measúnú ar a mhargadhluach (critéar ar fhíorghníomhaíochtaí), go bunúsach míreanna 179, 218 go 219 agus 227 den bhreithiúnas atá faoi achomharc), baineann an

tríú cuid le sócmhainní, feidhmeanna agus rioscaí a roinnt idir an brainse agus na codanna eile den chuideachta ('critéar ar leithdháileadh feidhmeanna laistigh den chuideachta a chur i bhfeidhm', míreanna 240, 242 agus 248 den bhreithiúnas atá faoi achomharc).

54. Sna himthosca sin, is gá, a mhéid is féidir, léamh comhsheasmhach a lorg ar an mbreithiúnas atá faoi achomharc ar an bpointe sin, ag tosú leis an gcoimhlint neamhdhíospóide ar a bhfuil an breithiúnas sin bunaithe, ar dá réir, d'fhonn brabúis incháinithe cuideachta neamhchónaithí in Éirinn a chinneadh, is gá 'anailís fheidhmiúil' a dhéanamh chun na gníomhaíochtaí arna ndéanamh, na sócmhainní arna n-úsáid agus na rioscaí arna nglacadh ag a mbrainse in Éirinn a chinneadh. Ceanglaítear an anailís sin le hAirteagal 25 de TCA 97, le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách agus le cur chuige údaraithe ECFE araon.[37] Tá difríochtaí idir seasaimh fhreasúracha na bpáirtithe maidir le *hábhar* na hanailíse sin sa chás seo.

55. Mar sin féin, measaim nach dtacaíonn léamh comhsheasmhach an bhreithiúnais atá faoi achomharc leis an gconclúid gur mheas an Chúirt Ghinearálta go raibh critéar a bhí dírithe *go heisiach* ar ghníomhaíochtaí bhrainse na hÉireann infheidhme faoi dhlí na hÉireann ar ghníomhaíochtaí na mbrainsí Éireannacha de chuideachtaí neamhchónaitheacha. Is fíor, mar a luaitear i mír 177 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach mbaineann Airteagal 25 de TCA 97 'ach amháin le brabúis a eascraíonn as gníomhaíochtaí na mbrainsí Éireannacha sin, gus ní áirítear leis brabúis arna ndíorthú ó ghníomhaíochtaí a dhéanann codanna eile den chuideachta neamhchónaitheach lena mbaineann'. Mar sin féin, níl an Coimisiún mícheart a mheas go bhfuil ráiteas den sórt sin teoranta go bunúsach do thagairt a dhéanamh do phrionsabal an chríochachais fhioscaigh agus nach ionann é ann féin agus modh a bhunú chun brabúis a leithdháileadh de réir bhrí Airteagal 25 de TCA 97 – agus níos lú ná modh chun sócmhainn a ghineann brabús a leithdháileadh – rud a fhágann nach gcuirtear san áireamh na feidhmeanna a dhéanann codanna eile den chuideachta neamhchónaitheach. I ndáil leis sin, aontaím leis an gCoimisiún nach bhfuil teorannú den sórt sin i láthair ag aon phointe sa bhreithiúnas atá faoi achomharc. Go háirithe, ní féidir é a thuiscint, de réir mar a chuireann Éire agus ASI agus AOI in iúl, ó mhíreanna 179 go 184 den bhreithiúnas sin, inar thagair an Chúirt Ghinearálta do bhreithiúnas na hArd-Chúirte (Éire) in *S. Murphy (Inspector of Taxes)* v *Dataproducts (Dub.) Ltd*..[38] Sa chás sin, rinne an Ard-Chúirt anailís leathan ar na feidhmeanna a bhí á gcomhlíonadh ag an mbrainse Éireannach de Dataproducts, a bhí cónaí orthu san Ísiltír, agus ag a bhfeidhmeannaigh lasmuigh d'Éirinn, faoi seach, agus comparáid idir na feidhmeanna sin agus na rioscaí a ghlac an chuideachta sin uirthi féin trí na codanna éagsúla di, sular chinn sí nach raibh an mhaoin atá i gceist, cuntas Eilvéiseach a raibh a bhrabúis curtha ar fáil go páirteach don bhrainse Éireannach, faoi rialú ag an mbrainse sin ach ag ceannoifig Dataproducts san Ísiltír agus, dá bhrí sin, nach bhféadfadh na suimeanna a bhí i gceist a bheith ina mbrabúis incháinithe in Éirinn. Dá bhrí sin, is léiriú é an breithiúnas sin ar mhodh leithdháilte brabús amhail an modh a bhfuil an Coimisiún ag brath air.

56. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, i léir gur admhaigh an Chúirt Ghinearálta go sainráite, i mír 240 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur ghá 'leithdháileadh sócmhainní, feidhmeanna agus rioscaí idir an brainse Éireannach agus na codanna eile den chuideachta sin' a chur san áireamh chun na feidhmeanna atá á gcomhlíonadh go hiarbhír ag brainse na hÉireann de chuideachta neamhchónaitheach a chinneadh chun críocha Airteagal 25 de TCA 97 a chur i bhfeidhm'. Ar an dara dul síos, chinn sí, i mír 242 den bhreithiúnas sin, nárbh fhéidir an anailís a

[37] Luaitear i mír 1.42 de na Treoirlínte maidir le Praghsáil Aistrithe gurb é is cuspóir don anailís fheidhmiúil 'gníomhaíochtaí agus freagrachtaí atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de, na sócmhainní a úsáidtear agus na rioscaí a ghlacann na páirtithe a dhéanann na hidirbhearta a shainaithint agus a chur i gcomparáid'.

[38] [1988] I.R. 10 nóta 4507 (an 'breithiúnas in Dataproducts').

bhí dírithe ar na sócmhainní, na feidhmeanna agus na rioscaí a shainaithint a bheadh le cur i leith na buanbhunaíocht cuideachta, ar bhonn na ngníomhaíochtaí a rinne an chuideachta sin go hiarbhír, 'a dhéanamh ar bhealach teibí, gan aird a thabhairt ar na gníomhaíochtaí agus ar na feidhmeanna a dhéantar laistigh den chuideachta ina hiomláine'.

57. Ar an tríú dul síos, tacaíonn foclaíocht Airteagal 25 de TCA 97 leis seo sa mhéid is gur gá 'ioncam tráchtála a dhíorthaítear go díreach nó go hindíreach' ón mbrainse agus ó mhaoin nó ó chearta 'a úsáideann an brainse nó atá i seilbh an bhrainse nó thar a cheann' a shainaithint. Ní léir conas is féidir idirbheart den sórt sin a dhéanamh, lena gcinntear, go háirithe, úinéireacht eacnamaíoch na sócmhainní atá i seilbh na cuideachta atá i gceist, gan iad a chur san áireamh, trí chomparáid a dhéanamh eatarthu, na gníomhaíochtaí a dhéanann codanna éagsúla den chuideachta sin i ndáil leis na sócmhainní sin. Le comparáid den sórt sin is féidir a fháil amach an bhfuil roinnt na mbrabús laistigh den chuideachta neamhchónaitheach, a nglacann na húdaráis chánach léi mar bhonn chun brabúis incháinithe in Éirinn a chinneadh, ag teacht le leithdháileadh iarbhír na bhfeidhmeanna, na sócmhainní agus na rioscaí idir na codanna éagsúla den chuideachta sin.

58. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, measaim go ndéanann an Coimisiún an breithiúnas atá faoi achomharc a léiriú i gceart sa mhéid go luaitear ann nach mór leithdháileadh na sócmhainní, na bhfeidhmeanna agus na rioscaí idir an brainse agus codanna eile den chuideachta sin a chur san áireamh leis an gcritéar chun brabúis cuideachta neamhchónaithí a mheasann an Chúirt Ghinearálta a bheith infheidhme faoi Airteagal 25 de TCA 97 a chinneadh agus go n-eisiatar an ról atá ag eintitis ar leith a chur san áireamh.

59. Sa chás seo, eascraíonn an gá leis an anailís a theorannú don ghaol idir ceannoifigí agus na brainsí Éireannacha, chomh maith le rogha Apple Inc., ina neamhspleáchas fiontraíochta, cuid dá bhrabúis a aistriú chuig ASI agus AOE, faoin gcomhaontú roinnte costas. Dá bhrí sin, is ábhar é na brabúis sin a chionroinnt idir na codanna éagsúla de na cuideachtaí seo, a bhfuil Apple Inc. fós gan nascadh. Agus critéar eile á chur i bhfeidhm, mar a thugann an Coimisiún le fios mar is ceart, is é an toradh atá air sin gan fíorchás an chomhaontaithe sin agus struchtúr cánach ghrúpa Apple a chur san áireamh, nach bhféadfadh údaráis chánach na hÉireann a bheith ar an eolas fúthu i gcomhthéacs measúnú foriomlán ar an modh chun brabús inchánach ASI agus AOE arna mholadh ag an ngrúpa a chinneadh. Seachas sin, is é an toradh frithchosúil go dtiocfadh *sócmhainní* arna n-aistriú go dleathach ag Apple Inc. lasmuigh de na Stáit Aontaithe agus na brabúis ghaolmhara, nuair a bheadh an cháin is iníoctha in Éirinn á cinneadh, ar ais chuig na Stáit Aontaithe, ach go fíorúil amháin, rud a laghdódh dliteanas cánach an ghrúpa a thuilleadh.

(iii) Feidhmeanna Apple Inc. á gcur san áireamh ag an gCúirt Ghinearálta

60. Is gá, ag an bpointe seo, a fháil amach an raibh an Chúirt Ghinearálta ag brath, de réir mar a éilíonn an Coimisiún, ar na feidhmeanna a bhí á gcomhlíonadh ag Apple Inc. i ndáil le IP ghrúpa Apple nó, mar éileamh ó Éirinn agus ó ASI agus AOI, go bhfuil líne argóinte an Choimisiúin bunaithe ar an bpointe sin ar fhorais an bhreithiúnais atá faoi achomharc.

61. Ar an gcéad dul síos, cuireann an Coimisiún in iúl gur thagair an Chúirt Ghinearálta do na feidhmeanna a chomhlíon Apple Inc. i míreanna 259 go 267 agus 288 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nuair a scrúdaigh sí aithrisí 289 go 295 den chinneadh atá faoi chonspóid, lenar cuireadh de chúram ar bhrainsí na hÉireann feidhmeanna rialaithe cáilíochta, feidhmeanna bhainistíocht bhonneagair T&F agus feidhmeanna bainistíochta riosca gnó a fheidhmiú. I ndáil leis sin, tugaim faoi deara, i mír 260 go 267 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur thagair an

Chúirt Ghinearálta go ginearálta do na feidhmeanna agus na rioscaí uile a liostaítear in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gcomhaontú roinnte costas agus a bhaineann leis na sócmhainní doláimhsithe a chumhdaítear leis an gcomhaontú sin,[39] 'is é sin le rá, go bunúsach, IP ghrúpa Apple' (mír 261) ar údaraíodh ASI agus AOE nó a d'fhéadfaí a iarraidh orthu dul i mbun oibre faoin gcomhaontú sin. I míreanna 263 agus 264 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta nár thug an Coimisiún aon fhianaise ar aird chun a léiriú go raibh na feidhmeanna sin comhlíonta iarbhír ag ASI agus AOE, gan trácht ar a mbrainsí Éireannacha nó gur bhainistigh foireann na mbrainsí sin na rioscaí sin iarbhír. I mír 266 den bhreithiúnas sin, d'athdhearbhaigh sí nár fhéach an Coimisiún lena léiriú 'go ndearna comhlachtaí bainistíochta bhrainsí na hÉireann [...] bainistiú gníomhach laethúil ar na feidhmeanna agus na rioscaí uile a bhaineann le IP ghrúpa Apple a liostaítear in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú um Chomhroinnt Costais a fheidhmiú go héifeachtach'. Ós rud é go gcuireann an Coimisiún na feidhmeanna agus na rioscaí a liostaítear i mír 261 go mír 262 den bhreithiúnas atá faoi achomharc isteach i gceart, is gnách go bhforchoimeádtar iad, i gcuideachta ilnáisiúnta, do chuideachta sealbhaíochta an ghrúpa. Thairis sin, mar a luaigh an Chúirt Ghinearálta i mír 267 den bhreithiúnas sin, baineann an cás seo, go bunúsach, leis 'na feidhmeanna go léir atá mar chroílár shamhail eacnamaíoch […] ghrúpa Apple, lena ndírítear ar tháirgí teicneolaíochta a fhorbairt' agus ar na 'príomhrioscaí a bhaineann leis an tsamhail eacnamaíoch sin'. Thairis sin, is léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte, sa bhreis ar an gcinneadh atá faoi chonspóid, gur aontaigh an Coimisiún, Éire agus ASI agus AOE ar fad go raibh na feidhmeanna agus na rioscaí sin, *a bhaineann le IP iomlán an ghrúpa Apple, lena fhorbairt agus lena bhainistiú*, glactha den chuid is mó ag Apple Inc., mar chuideachta sealbhaíochta an ghrúpa nó i gcomhthéacs an chomhaontaithe roinnte costas, agus arna lárú ag Apple Inc. in Cupertino. Dá bhrí sin, níl an Coimisiún mícheart a luadh, sna míreanna den bhreithiúnas atá faoi achomharc a scrúdaíodh, gur chuir an Chúirt Ghinearálta san áireamh ina measúnú ar fheidhmeanna agus rioscaí na bhfíoras a ghlac Apple Inc.

62. Ar an dara dul síos, maíonn an Coimisiún gur mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta feidhmeanna Apple Inc. go mícheart i míreanna 268 go 295 den bhreithiúnas atá faoi achomharc. Sna míreanna sin, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta na gníomhaíochtaí agus na feidhmeanna a liostaítear in aithrisí 296 go 300 den chinneadh atá faoi chonspóid mar a rinne brainse Éireannach ASI é agus chinn sí nach raibh na gníomhaíochtaí agus na feidhmeanna sin, arna meas ar leithligh nó ina n-iomláine, ina n-údar maith le ceadúnais IP a leithdháileadh ar an mbrainse sin. I measc na ngníomhaíochtaí agus na bhfeidhmeanna a scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta bhí rialú cáilíochta, gníomhaíochtaí éagsúla T&F agus costais mhargaíochta a bhainistiú ar an leibhéal áitiúil.

63. I ndáil leis sin, maidir le rialú cáilíochta, tugaim faoi deara go raibh an fheidhm sin i measc iad siúd a liostaítear sa chomhaontú maidir le comhroinnt costas agus a bhaineann le Apple Inc. agus ASI agus AOE araon. Sna himthosca sin, ní mór a mheas, a mhéid a thagraíonn an Chúirt Ghinearálta, i mír 269 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, do dhearbhú ASI agus AOE go raibh 'na mílte daoine fostaithe ar fud an domhain i bhfeidhmiú an rialaithe cáilíochta, cé nach raibh ach duine amháin fostaithe san fheidhm sin in Éirinn', go dtagraíonn sí do ghníomhaíochtaí a rinne eintitis ar leithligh ón gcuideachta sin agus, go háirithe, do ghníomhaíochtaí a rinne Apple

[39] In Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú um Chostais a Chomhroinnt, arna leasú in 2009, bhí dhá thábla, lena gcumhdaítear na feidhmeanna ábhartha a bhaineann leis na Doláimhsithe a chumhdaítear leis an gComhaontú agus na rioscaí gaolmhara. Bhí baint ag gach ceann de na feidhmeanna sin agus ag gach ceann de na rioscaí sin le 'x', faoi seach, Apple Inc. (aitheanta mar 'Apple') agus ASI agus AOE (arna sainaithint le chéile mar 'Rannpháirtithe Idirnáisiúnta'), cé is moite de chlárú agus de chosaint IP, nach raibh bainteach ach le Apple Inc. (Féach mír 260 den bhreithiúnas atá faoi achomharc).

Inc.[40] Is amhlaidh atá, i mo thuairimse, i mír 274 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, inar chinn an Chúirt Ghinearálta gur thabhaigh brainse ASI na costais mhargaíochta ar an leibhéal áitiúil 'ní chiallaíonn sé go bhfuil an brainse sin freagrach as an straitéis mhargaíochta a fhorbairt mar sin'. Faoin gComhaontú Seirbhísí Margaíochta, tá Apple Inc. freagrach as straitéis den sórt sin a fhorbairt.

64. Maidir le mír 273 agus mír 275 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, a mhéid a luaitear inti gur feidhmeanna 'coimhdeacha' iad feidhmeanna T&F agus na gníomhaíochtaí bhailiú agus anailís na sonraí réigiúnacha a dhéanann fostaithe brainse ASI, déanann an Chúirt Ghinearálta comparáid arís idir na gníomhaíochtaí sin agus na gníomhaíochtaí a dhéanann eintitis lasmuigh de ASI ar an leibhéal domhanda. Tá tagairt shainráite do bheartais agus straitéisí an ghrúpa arna bhforbairt ag Apple Inc. leagtha amach, ar deireadh, i mír 277, maidir le gníomhaíochtaí bhrainse ASI a bhaineann le seirbhís AppleCare, atá aicmithe mar gníomhaíochtaí 'forghníomhaithe' 'i gcomhréir leis na treoirlínte agus an treo straitéiseach atá sainmhínithe sna Stáit Aontaithe', agus i mír 281 agus i mír 283 den bhreithiúnas sin, ina bhfuil measúnú foriomlán ag an gCúirt Ghinearálta maidir le cineál 'coimhdeach' agus 'forghníomhaithe' ghníomhaíochtaí an bhrainse sin.

65. Ar an tríú dul síos, measann an Coimisiún gur thagair an Chúirt Ghinearálta do ghníomhaíochtaí Apple Inc. agus scrúdú á dhéanamh aici ar na feidhmeanna a chomhlíonann brainse Éireannach AOE a shainaithnítear in aithris 301 den chinneadh atá faoi chonspóid. I mír 290 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, shonraigh an Chúirt Ghinearálta, maidir le hinniúlachtaí sonracha an phróisis agus na táirgeachta a d'fhorbair an brainse sin i gcomhthéacs a ghníomhaíochtaí táirgthe, fiú dá mba rud é gur bhain na hinniúlachtaí sin tairbhe as cearta áirithe IP a chosaint, 'go bhfuil raon feidhme teoranta acu agus baineann siad go sonrach leis na gníomhaíochtaí a dhéanann an brainse sin', nach leor iad chun údar a thabhairt do gach ceann de na ceadúnais IP a leithdháileadh ar an mbrainse sin'. Is léir, i mo thuairimse, nach féidir measúnú 'cainníochtúil' den sórt sin a dhéanamh ach amháin sa mhéid go bhfuil na hinniúlachtaí a d'fhorbair brainse Éireannach AOE, mar a shonraíonn an Coimisiún i gceart, i gcomparáid le feidhmeanna T&F go léir a bhaineann le IP ghrúpa Apple. Ar an taobh eile, a mhéid a chuireann sé in aghaidh measúnú fíorasach arna dhéanamh ag an gCúirt Ghinearálta, ní mór diúltú d'argóint an Choimisiúin a díríodh i gcoinne mhíreanna 291 go 294 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar dá réir a rinne an IP a d'fhorbair brainse Éireannach AOE ranníocaíocht aonuaire agus luachmhar, nach féidir a réiteach le luach saothair teoranta amhail an luach saothair dá bhforáiltear sna rialuithe cánach.

66. Ar deireadh, cuireann an Coimisiún faoi bhráid na Cúirte Ginearálta gur chuir sí san áireamh na feidhmeanna a bhí á gcomhlíonadh ag Apple Inc. i mír 298 go mír 302 den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus scrúdú á dhéanamh aici ar na gníomhaíochtaí a rinneadh lasmuigh de bhrainsí ASI agus AOE. I ndáil leis sin, níl aon amhras ann, go háirithe i míreanna 299 agus 300 den bhreithiúnas sin, gur thagair an Chúirt Ghinearálta d'fheidhmeanna Apple Inc. agus dá ról mar mháthairchuideachta a mhéid a d'aimsigh sí, ar dtús, go ginearálta, 'cineál láraithe na gcinntí straitéiseacha laistigh de ghrúpa Apple, a ghlac feidhmeannaigh, in Cupertino' agus, anuas air sin, go háirithe, maidir leis na cinntí i réimse T&F ag tionscnamh IP ghrúpa Apple, thagair siad don fhíric 'go ndearna agus gur chuir grúpa feidhmeannach a bunaíodh in Cupertino na cinntí a bhaineann leis na táirgí atá le forbairt [...] agus an straitéis T&F [...] i bhfeidhm'. Ar an gcaoi chéanna, chinn an Chúirt Ghinearálta '[go raibh] na straitéisí chun táirgí nua a sheoladh, agus, go

[40] Cé gur fíor, i mír 269 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go luaitear go bhféadfaí rialú cáilíochta a sheachfhoinsiú freisin i gcomhthéacs comhaontuithe le táirgeoirí tríú páirtí, ní léirítear a thuilleadh sa bhreithiúnas atá faoi achomharc gurb ann do na comhaontuithe sin arna dtabhairt i gcrích ag ASI agus AOE.

háirithe, eagrú an dáileacháin ar mhargaí na hEorpa […] bainistithe ar leibhéal an ghrúpa Apple, go háirithe an Fhoireann Feidhmiúcháin faoi stiúir Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an ghrúpa, in Cupertino'. [41]

67. Leanann sé ón anailís sin roimhe seo gur bhraith an Chúirt Ghinearálta, sna míreanna uile den bhreithiúnas faoi achomharc a ndearna an Coimisiún agóid ina choinne, níos mó nó níos lú go hintuigthe ach go soiléir ar na feidhmeanna a bhí á gcomhlíonadh ag Apple Inc. i ndáil le IP ghrúpa Apple i gcomhthéacs an chomhaontaithe um chomhroinnt costas nó an chomhaontaithe seirbhísí margaíochta nó ina ról mar mháthairchuideachta, agus comparáid á déanamh idir na feidhmeanna sin a chomhlíonann na brainsí Éireannacha i ndáil le ceadúnais IP. Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a éilíonn Éire agus ASI agus AOI, níl an gearán seo bunaithe ar mhíléamh ar an mbreithiúnas atá faoi achomharc, gan trácht ar shaobhadh an bhreithiúnais sin.

(iv) Tionchar na ngníomhaíochtaí Apple Inc. a chur san áireamh ar aicmiú dlíthiúil na bhfíoras

68. Cuireann Éire, ASI agus AOI in iúl, go bunúsach, go bhfuil an gearán atá i gceist neamhéifeachtach, in aon chás, ós rud é, fiú amháin gur chuir an Chúirt Ghinearálta feidhmeanna Apple Inc. san áireamh, go raibh na conclúidí ar thángthas orthu ag deireadh a scrúdaithe ar na fíorais bunaithe ar anailís ar ghníomhaíocht bhrainsí agus cheannoifigí na hÉireann agus ar an gcinneadh go raibh na feidhmeanna a bhí á gcomhlíonadh ag na brainsí sin 'gnáthaimh', rud nach leor, dár leis an gCúirt Ghinearálta, chun údar a thabhairt do na brainsí sin de cheadúnais IP agus do na brabúis ghaolmhara.

69. I ndáil leis sin, tugaim faoi deara go leanann sé as na cinntí fíorais go léir a rinne an Chúirt Ghinearálta, mar a rinneadh achoimre orthu i mír 310 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhfuil an chonclúid a leagtar amach sa mhír sin, ar dá réir a mhainnigh an Coimisiún a léiriú gur cheart na ceadúnais IP a leithdháileadh ar bhrainsí na hÉireann chun críocha brabúis bhliantúla inchánach ASI agus AOE in Éirinn a chinneadh, bunaithe, ar an gcéad dul síos, ar an measúnú ar na gníomhaíochtaí a rinne na brainsí sin go hiarbhír agus, ar an dara dul síos, ar 'chinntí straitéiseacha arna ndéanamh agus arna gcur chun feidhme lasmuigh de na brainsí sin'.

70. Ar an mbonn go n-áirítear leis an dara gné sin tagairt do na feidhmeanna a chomhlíonann na ceannoifigí, is gá anailís níos dlúithe a dhéanamh ar na torthaí i míreanna 298 go 309 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, inar scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta argóintí na hÉireann agus ASI agus AOE, ar dá réir a rinne an Chúirt Ghinearálta, trína gcomhlachtaí rialaithe, na cinntí straitéiseacha a bhaineann le dearadh agus forbairt tháirgí ghrúpa Apple a rinneadh go lárnach don ghrúpa iomlán in Cupertino *a chur chun feidhme*.

71. Sna míreanna sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, gur thug ASI agus AOE fianaise ar aird maidir le cineál láraithe na gcinntí sin agus, go háirithe, maidir leis na cinntí in earnáil T&F, fianaise a léiríonn, ar an gcéad dul síos, go raibh na cinntí a bhaineann leis na táirgí atá le forbairt agus an straitéis T&F déanta agus curtha chun feidhme ag feidhmeannaigh an ghrúpa a bunaíodh in Cupertino agus ar an dara dul síos, gur bhunaigh straitéisí chun na táirgí nua a sheoladh, agus, eagrú an dáileacháin ar mhargaí na hEorpa, ag leibhéal an ghrúpa Apple, go háirithe ag foireann bainistíochta an ghrúpa faoi stiúir Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an ghrúpa, in Cupertino (mír 298 go mír 301). Tugaim faoi deara, sa chuid seo dá measúnuithe – cé is moite

[41] Gan agóid a bheith déanta ag ASI agus AOI ar an bpointe seo, chuir an Coimisiún in iúl gurb ionann 'foireann feidhmiúcháin' agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an ghrúpa dá dtagraíonn an Chúirt Ghinearálta agus feidhmeannaigh agus POF Apple Inc. faoi seach.

de mhír 301, a phléitear i míreanna 42 go 43 na Tuairime seo – nár luaigh an Chúirt Ghinearálta rannpháirtíocht dhíreach ná indíreach na gceannoifigí i nglacadh chinntí T&F ná i bhforbairt straitéisí margaíochta agus dáileacháin ar leibhéal ghrúpa Apple a luaitear thuas.

72. Ar an dara dul síos, bhreithnigh an Chúirt Ghinearálta an ról cinnteoireachta a bhí ag na gceannoifigí. Thug sí dá haire, ar an gcéad dul síos, maidir le cumas ASI agus AOE cinntí a dhéanann difear dá bhfeidhmeanna bunriachtanacha a ghlacadh trína gcomhlachtaí rialaithe, gur thug an Coimisiún féin dá aire go raibh na boird stiúrthóirí agus a gcruinnithe rialta ann le linn na tréimhse ábhartha, trí shleachta as miontuairiscí na gcruinnithe sin a chur isteach i dtáblaí a áirítear sa chinneadh atá faoi chonspóid. Ina dhiaidh sin, sonraigh an Chúirt Ghinearálta 'le rúin na mbord stiúrthóirí, arna dtaifeadadh sna miontuairiscí sin, go raibh baint acu, go rialta (agus roinnt uaireanta le linn na bliana), *inter alia*, le díbhinní a íoc, le tuarascálacha na bhfeidhmeannach a cheadú agus le ceapachán agus éirí as oifig na bhfeidhmeannach' agus, níos minice ná sin, bhain 'an chumhacht aturnae lena n-údaraítear do stiúrthóirí áirithe gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh amhail cuntais bhainc a bhainistiú, caidreamh le rialtais agus comhlachtaí poiblí, iniúchtaí, árachas a ghlacadh ar láimh, léasú, sócmhainní a cheannach agus a dhíol, earraí agus conarthaí tráchtála a fháil'. Thug an Chúirt Ghinearálta dá haire freisin gur léir ó na miontuairiscí sin go ndearnadh 'cumhachtaí bainistíochta an-fhorleathan [a tharmligean] chuig stiúrthóirí aonair' (mír 306) agus chinn sí go raibh sé d'acmhainn ag ASI agus AOE, trína gcomhlachtaí bainistíochta, go háirithe a mboird stiúrthóirí, feidhmeanna riachtanacha na gcuideachtaí sin a fheidhmiú, i gcás inarb iomchuí, trína gcumhachtaí a tharmligean chuig feidhmeannaigh aonair, lasmuigh d'fhoireann bhrainsí na hÉireann (mír 309). I ndáil leis sin, tugaim faoi deara nach dtugann an chonclúid sin ná an fhianaise ó na miontuairiscí a scrúdaigh an Coimisiún agus dá dtagraítear i míreanna 305 agus 306 den bhreithiúnas atá faoi achomharc aon léiriú go bhfuil baint ag boird stiúrthóirí na suíochán le cinntí a ghlacadh a bhaineann le ceadúnais IP a bhainistiú. I ndáil leis sin, i mír 304 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, níor shonraigh an Chúirt Ghinearálta ach nach léiríonn na miontuairiscí sin 'sonraí na gcinntí a bhaineann le bainistiú cheadúnais IP […], leis an gcomhaontú maidir le comhroinnt costas agus le cinntí tábhachtacha gnó, ní féidir a chur as an áireamh gurb ann do na cinntí céanna sin'. Fillfidh mé ar an bpointe sin níos déanaí, a ndíospóideann an Coimisiún i gcomhthéacs an tríú cuid dá chéad saincheist dlí.

73. Leanann sé ón méid sin roimhe seo, i míreanna 298 go 309 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur chinn an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, go raibh córas cinnteoireachta láraithe ann laistigh de ghrúpa Apple, atá faoi úinéireacht Apple Inc., lena n-áirítear maidir le bainistiú agus forbairt IP an ghrúpa agus, ar an dara dul síos, cumas na gceannoifigí 'cinntí lárnacha don chuideachta, amhail formheas na gcuntas bliantúil' a ghlacadh trína mboird stiúrthóirí, lena n-áirítear trí chóras chun cumhachtaí a tharmligean chuig comhaltaí boird aonair. Mar sin féin, níor aimsíodh rannpháirtíocht na gceannoifigí i nglacadh na gcinntí straitéiseacha a ghlac Apple Inc. ná a rannpháirtíocht iarbhír i bhforghníomhú na gcinntí sin ná i mbainistiú gníomhach cheadúnais IP. Sa tríú cuid dá chéad saincheist dlí, déanann an Coimisiún a chonspóid an t-aon chinneadh ina leith sin, i mír 307 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur chuir ASI agus AOE faisnéis isteach a léiríonn gur shínigh baill dá mboird stiúrthóirí in Cupertino na leaganacha éagsúla den chomhaontú maidir le comhroinnt costas, an anailís dá dtagraím. Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'agóid ASI agus AOI agus na hÉireann go bhfuil an gearán seo neamhéifeachtach.

(3) Conclúid ar an dara gearán

74. Ar bhonn na mbreithnithe sin roimhe seo, measaim go bhfuil an ceart ag an gCoimisiún nuair a mhaíonn sé gur chinn an Chúirt Ghinearálta nach raibh dóthain fianaise ann chun na ceadúnais IP a shannadh do na brainsí trí chomparáid mhícheart a dhéanamh idir na feidhmeanna a dhéanann na brainsí sin agus na feidhmeanna a chomhlíonann Apple Inc. i ndáil le IP ghrúpa Apple, seachas leis na feidhmeanna a chomhlíonann na ceannoifigí i ndáil leis na ceadúnais sin. Tá sé sin ríshoiléir ó na conclúidí eatramhacha ar tháinig an Chúirt Ghinearálta orthu ag na céimeanna éagsúla dá hanailís ar na fíorais agus, go háirithe, i mír 266 agus i mír 302 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, inar chinn sí ar dtús, nár fhéach an Coimisiún lena léiriú gur fheidhmigh na brainsí Éireannacha bainistiú gníomhach ó lá go lá go héifeachtach ar 'na feidhmeanna agus na rioscaí go léir a bhaineann le IP ghrúpa Apple a liostaítear in Iarscríbhinn B den Chomhaontú um Chostais a Chomhroinnt' agus, ar an dara dul síos, ós rud é go ndearnadh na cinntí straitéiseacha maidir le forbairt na dtáirgí de thionscnamh IP ghrúpa Apple don ghrúpa iomlán in Cupertino, bhí an Coimisiún mícheart a mheas gur ghá dá mbrainsí Éireannacha bainistiú an IP sin a ghlacadh. Dá bhrí sin, tá bunús maith leis an dara gearán sa dara cuid den chéad saincheist dlí, dar liom.

(b) An chéad ghearán

75. I gcomhthéacs an chéad ghearáin sa dara cuid dá chéad saincheist dlí, déanann an Coimisiún, cé go raibh sé ag brath, i míreanna 255 go 302 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar roinnt feidhmeanna tábhachtacha a chomhlíon feidhmeannaigh nó fostaithe Apple Inc. i ndáil le IP Apple, nár ghlac an Chúirt Ghinearálta seasamh maidir le haithrisí 308 go 318 den chinneadh atá faoi chonspóid, inar leag sé amach na cúiseanna a mheas sé nach raibh na feidhmeanna sin ábhartha chun críocha rialuithe cánach a mheasúnú ar bhonn Airteagal 107(1) CFAE. Ar an gcaoi chéanna, níor bhreithnigh an Chúirt Ghinearálta na hargóintí a chuir an Coimisiún chun cinn ag an gcéad chéim maidir le hábharthacht na bhfeidhmeanna a rinne Apple Inc. 'chun tairbhe' ASI agus AOE nó 'thar ceann' na gceannoifigí. Dá bhrí sin, tá an breithiúnas curtha ó bhail ag ráiteas neamhleor ar chúiseanna.

76. I ndáil leis sin, tugaim faoi deara, ar an gcéad dul síos, gur chuir an Coimisiún in iúl go sainráite agus go triallach nach mbaineann na feidhmeanna a chomhlíonann Apple Inc. i ndáil le IP ghrúpa Apple, chun críocha brabúis incháinithe ASI agus AOE in Éirinn a chinneadh le linn an nós imeachta riaracháin agus os comhair na Cúirte Ginearálta agus na Cúirte Breithiúnais araon.[42] Tugaim faoi deara, ar an dara dul síos, go bhfuil sé soiléir ón gcinneadh atá faoi chonspóid agus ón gcomhad atá os comhair na Cúirte Ginearálta agus ón mbreithiúnas atá faoi achomharc go raibh seasamh ASI agus AOE (ASI agus AOI anois) agus Éire, ó na chéad chéimeanna den nós imeachta riaracháin, bunaithe ar an dearbhú gur tharla bainistiú IP Apple, lena n-áirítear na ceadúnais a bhí ag na cuideachtaí sin, go lárnach ó cheanncheathrú Apple in Cupertino. Ba mhaith liom a chur in iúl, ar an tríú dul síos, gur chinn mé, i míreanna 50 go 55 den Tuairim seo, go ndearna an Chúirt Ghinearálta, san anailís fhíorasach a rinneadh i míreanna 255 go 302 ar an mbreithiúnas atá faoi achomharc, comparáid intuigthe nó shainráite, go díreach nó go hindíreach roinnt uaireanta maidir leis na feidhmeanna a rinne na brainsí Éireannacha i ndáil leis na ceadúnais IP leo siúd a ghlac Apple Inc. maidir le IP ghrúpa Apple i gcomhthéacs comhaontuithe laistigh de ghrúpa nó ina cháil mar mháthairchuideachta. Ar deireadh, tugaim faoi deara, d'ainneoin na n-argóintí dá mhalairt a chuir ASI agus AOI agus Éire ar aghaidh, go bhfuil sé soiléir, i mo thuairimse, ó léamh

[42] Ina achomharc, tosnaíonn an Coimisiún trína dhearbhú go mbaineann an tsaincheist atá i gcroílár an achomhairc go beacht le dlíthiúlacht na Cúirte Ginearálta agus na feidhmeanna a chomhlíonann Apple Inc. á gcur san áireamh.

ar mhíreanna ábhartha an bhreithiúnais atá faoi achomharc nár ghlac an Chúirt Ghinearálta seasamh ar bhealach ar bith maidir leis na hargóintí a chuir an Coimisiún chun cinn in aithrisí 308 go 318 den chinneadh a bhfuiltear ag cur ina choinne, nó maidir leis na hargóintí a chuir an Coimisiún chun cinn le linn na n-imeachtaí ag an gcéad chéim a bhaineann leis an bhféidearthacht go gcuirfí feidhmeanna Apple Inc. san áireamh agus brabúis inchánach ASI agus AOE in Éirinn á gcinneadh mar 'thairbhe' nó 'thar ceann' na gceannoifigí. Go háirithe, murab ionann agus dearbhuithe na hÉireann, ní ionann míreanna 298 go 309 den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus seasamh a ghlacadh ar na hargóintí sin. Fiú ag glacadh leis, sna míreanna sin, gur ghlac an Chúirt Ghinearálta go hintuigthe le hábharthacht, chun críocha na hanailíse feidhmiúla agus fíorasaí atá le déanamh faoi Airteagal 25 de TCA 97, maidir leis na feidhmeanna a dhéanann fostaithe de chuid eintiteas ar leithligh ón gcuideachta neamhchónaitheach 'chun tairbhe' nó 'thar ceann' na cuideachta neamhchónaithí sin nó codanna di, ní mór a mheas nár thug sí údar leis an ábharthacht sin ar bhealach ar bith, ná nár thug sí freagra ar na hargóintí a chuir an Coimisiún ar aghaidh dá mhalairt.

77. Is fíor, mar a chuireann ASI agus AOI agus Éire ar fad in iúl, agus de réir cásdlí socair, nach gá cuntas a thabairt mar gheall ar oibleagáid na Cúirte Ginearálta faoi Airteagal 36 agus faoin gcéad mhír d'Airteagal 53 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh na cúiseanna ar a bhfuil breithiúnais bunaithe a lua, cuntas a leanann go huileghabhálach agus ceann ar cheann de na hargóintí go léir a chuir na páirtithe sa díospóid chun cinn agus a d'fhéadfadh a bheith intuigthe freisin.[43] Sa chás seo, áfach, i bhfianaise lárnacht na ceiste maidir le hábharthacht na bhfeidhmeanna a chomhlíonann Apple Inc. i gcomhthéacs phríomhlíne réasúnaíochta an Choimisiúin agus i gcomhthéacs na réasúnaíochta a thug ar an gCúirt Ghinearálta seasamh leis na caingne a thionscain ASI agus AOE agus Éire maidir leis an bpointe sin, measaim go n-eascraíonn as mainneachtain an Choimisiúin seasamh sainráite a léiriú ar an gceist sin mainneachtain cúiseanna a lua lena gcuireann cosc ar an gCúirt Bhreithiúnais scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna a bhí le diúltú do cheann de na hargóintí bunúsacha in anailís an Choimisiúin i gcomhthéacs a phríomhlíne réasúnaíochta agus le linn na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus cuireann sé isteach ar fheidhmiú an athbhreithnithe a iarrtar ar an gCúirt Bhreithiúnais a dhéanamh i gcomhthéacs an achomhairc seo.

78. Tá forais an bhreithiúnais atá faoi achomharc contrártha freisin, mar a áitíonn an Coimisiún, a mhéid a chinn an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, i mír 240, i mír 242 agus i mír 248 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur ghá, d'fhonn a chinneadh ar chomhlíon cinneadh cánach lena leithdháiltear brabúis ar bhrainse na hÉireann de chuideachta neamhchónaitheach an 'gnáthchóras' cánachais in Éirinn, go raibh sé riachtanach roinnt na sócmhainní, na bhfeidhmeanna agus na rioscaí idir an brainse agus codanna eile na cuideachta sin, agus, sa dara mír, i mír 255 go mír 302 den bhreithiúnas sin, a chur san áireamh ar na feidhmeanna a bhí á gcomhlíonadh ag eintiteas ar leith ó ASI agus AOE.

79. Dá bhrí sin, ní mór seasamh leis an gcéad ghearán sa dara cuid den chéad saincheist dlí, dar liom.

(c) Conclúidí maidir leis an dara cuid den chéad saincheist dlí

80. I bhfianaise na mbreithnithe sin roimhe seo, molaim go seasfaidh an Chúirt leis an dara cuid den chéad saincheist dlí.

[43] Féach breithiúnas an 22 Meitheamh 2023, *Gmina Miasto Gdynia agus Port Lotniczy Gdynia-Kosakowo* v *an Coimisiún* (C-163/22 P, nár foilsíodh, EU:C:2023:515, mír 85).

3. An tríú cuid den chéad saincheist dlí

81. Faoin tríú cuid dá chéad saincheist dlí, atá dírithe i gcoinne mhír 301 agus mhír 303 go mír 309 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, díospóideann an Coimisiún go sonrach measúnuithe na Cúirte Ginearálta maidir leis na gníomhaíochtaí a rinne na ceannoifigí. Ardaíonn sé dhá ghearán ar leith agus is iomchuí iad a scrúdú le chéile. Leis an gcéad ghearán a rinne sé, líomhnaíonn an Coimisiún go bhfuil neamhrialtacht nós imeachta ann arb é atá ann mainneachtain na Cúirte Ginearálta na hargóintí a chuir sé ar aghaidh ag an gcéad chéim a chur san áireamh, agus ráiteas ar chúiseanna atá lochtach agus contrártha a ghlacadh agus ag brath ar fhianaise neamh-inghlactha. Leis an dara gearán a dhéanann sé, líomhnaíonn sé sárú ar Airteagal 107(1) CFAE agus/nó saobhadh ar an dlí náisiúnta. Measann Éire, ASI agus AOI agus Ard-Diúcacht Lucsamburg chomh maith nach bhfuil na gearáin sin inghlactha agus/nó neamhéifeachtach agus, in aon chás, go bhfuil siad gan bhunús.

82. Ar an gcéad dul síos, cuireann an Coimisiún in iúl nár thug an Chúirt Ghinearálta freagra ar an argóint a chuir sí ar aghaidh ina cosaint gurb iad na miontuairiscí a scrúdaigh an Coimisiún an t-aon fhianaise a thug Apple agus Éire le linn an nós imeachta riaracháin chun a shuí gurb ann d'fheidhmeanna a chomhlíonann na ceannoifigí.

83. I ndáil leis sin, ba mhaith liom a chur in iúl, de réir cásdlí socair dá dtagraítear cheana sa Tuairim seo, ar an gcéad dul síos, maidir le hachomharc, nach bhfuil aon dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais na fíorais a shuíomh nó, i bprionsabal, scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise a thug an Chúirt Ghinearálta ar aird chun tacú leis na fíorais sin agus, ar an dara dul síos, maidir leis an oibleagáid atá ar an gCúirt Ghinearálta na cúiseanna ar a bhfuil breithiúnais bunaithe a shonrú, ní cheanglaítear léi cuntas a chur ar fáil a leanann go huileghabhálach agus ceann ar cheann de na hargóintí uile a chuir na páirtithe chun cinn sa chás. Sa chás seo, i mír 305 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta, i bhfeidhmiú a dlínse eisiaiche chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise, in ainneoin a gcineáil achomair, gur leor na sleachta as na miontuairiscí a scrúdaigh an Coimisiún chun 'a thuiscint conas [a] glacadh agus a taifeadadh na cinntí bunriachtanacha don chuideachta i [miontuairiscí den sórt sin]'. Maidir le measúnú den sórt sin – lena gcuirtear ar chumas an Choimisiúin na cúiseanna leis an tábhacht a ghabhann leis na miontuairiscí sin a thuiscint, fiú más é an t-aon phíosa fianaise a tugadh ar aird le linn an nós imeachta riaracháin a bhaineann le feidhmeanna na gceannoifigí – ní féidir é a cháineadh os comhair na Cúirte Breithiúnais, ach amháin i gcás saobhadh, nach raibh an Coimisiún ag brath ar an bpointe sin.

84. Ar an dara dul síos, maíonn an Coimisiún i mír 304 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur chuir an Chúirt Ghinearálta dualgas cruthúnais uirthi nárbh fhéidir a urscaoileadh. Sa mhír sin, mar a míníodh cheana, dúirt an Chúirt Ghinearálta 'nach léirítear sna miontuairiscí [arna scrúdú ag an gCoimisiún] sonraí na gcinntí a bhaineann le bainistiú cheadúnais IP ghrúpa Apple, leis an gcomhaontú maidir le comhroinnt costas agus le cinntí tábhachtacha gnó nach ann do na cinntí céanna sin'.

85. I ndáil leis sin, aontaím leis an gCoimisiún. Ní fheicim conas is féidir, mar is cosúil go ndéanann an Chúirt Ghinearálta i míreanna 305 agus 306 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, fianaise i bhfabhar cinntí a ghlacadh a bhfuil cuspóir sonrach acu in éagmais aon léirithe sainráite nó intuigthe á rá sin a bhaint as miontuairiscí an bhoird stiúrthóirí cuideachta. Ar an taobh eile, is féidir, i mo thuairimse, mar a rinne an Coimisiún sa chinneadh atá faoi chonspóid, tátal a bhaint as easpa faisnéise den sórt sin, agus *in éagmais fianaise dá mhalairt*, fianaise i bhfabhar nach ann do chinntí den sórt sin, go háirithe i gcás inar dealraitheach go ndéanann an chuideachta sin, de réir

cleachtais nó fiú de réir oibleagáid dhlíthiúil, taifead de ghnáth ar na cinntí ábhartha a rinne a bord stiúrthóirí i miontuairiscí a cruinnithe. Sa mhéid nach ligtear leis don Choimisiún brath ar an bhfianaise sin, a mhéid is gá a chruthú gurb ann d'fhíorais dhiúltacha nach féidir a shuíomh, de bharr a nádúir féin, ach nach féidir a thuiscint ach amháin ó thoimhdí a bhaintear as fíorais dhearfacha a suíodh nó trí chruthúnas go bhfuil a mhalairt dearfach lena mhalairt, cuireann mír 304 den bhreithiúnas faoi achomharc, dar liom, ualach cruthúnais iomarcach gan údar ar an gCoimisiún.

86. Ar an tríú dul síos, déanann an Coimisiún mír 306 den bhreithiúnas atá faoi achomharc a chonspóid, a mhéid a shonraíonn an Chúirt Ghinearálta, go háirithe, go léiríonn na miontuairiscí a scrúdaigh sí 'go ndearnadh cumhachtaí bainistíochta an-fhorleathan a tharmligean chuig stiúrthóirí aonair'. Maíonn sí gur cé gur áiríodh sna miontuairiscí atá i gceist tarmligean cumhachtaí ag an mbord stiúrthóirí ó am go chéile, ní bhaineann ach ceann amháin de na cumhachtaí aturnae sin le conarthaí a thabhairt i gcrích le OEManna agus le hoibreoirí teileachumarsáide.

87. I ndáil leis sin, a mhéid a iarrann an Coimisiún, tríd an argóint sin, an measúnú ar luach cruthúnais thaifeadadh na cumhachta aturnae thuasluaite a chaitheamh faoi cheist sna miontuairiscí, ba mhaith liom a chur in iúl, ar an gcéad dul síos, go dtagann an measúnú sin, i bprionsabal, laistigh de dhlínse eisiach na Cúirte Ginearálta agus, ar an dara dul síos, nach dtoirmeasctar ar an gCúirt Ghinearálta, i bprionsabal, aon riail ná prionsabal de dhlí an Aontais a bheith ag brath ar phíosa amháin fianaise chun na fíorais ábhartha a shuíomh.[44] Dá bhrí sin, ní mór diúltú don ghearán, dar liom. Ba mhaith liom a chur in iúl, áfach, go ndíospóideann an Coimisiún freisin inghlacthacht na cumhachta aturnae atá i gceist mar eilimint fianaise, ar an bhforas nár cuireadh ar fáil í le linn an nós imeachta riaracháin. I ndáil leis sin, tagraím don anailís a rinneadh i míreanna 42 agus 43 den Tuairim seo. Mar a thug mé faoi deara sna míreanna sin, cé gur luadh an chumhacht aturnae sin i miontuairiscí chruinniú bhord ASI an 27 Iúil 2011, de réir dhearbhú an Choimisiúin gan agóid a bheith déanta ag ASI agus AOI, níor cuireadh ar fáil fós é. Dá bhrí sin, ní raibh an Chúirt Ghinearálta ag brath ach ar an taifeadadh i miontuairiscí dheonú na cumhachta aturnae sin agus ní ar fhoclaíocht na cumhachta sin.

88. Ar an gceathrú dul síos, déanann an Coimisiún cinneadh na Cúirte Ginearálta a dhíospóid, go háirithe, i mír 301, 306 agus 307 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gurb ionann 'gníomhartha foirmiúla' amhail cumhacht aturnae a dheonú chun comhaontú a chaibidliú nó síniú an chomhaontaithe sin (sa chás seo na leasuithe éagsúla ar an gcomhaontú roinnte costas a rinneadh le linn na tréimhse ábhartha) agus feidhmeanna a chomhlíonann na ceannoifigí i ndáil le ceadúnais IP. Glacann an Coimisiún leis, go háirithe, go bhféadfadh sé gur 'feidhmeanna pearsanra shuntasaigh' chun críocha na hanailíse feidhmiúla agus fíorasaí atá le déanamh ar bhonn Airteagal 25 de TCA 97 é seoladh na caibidlíochta maidir le conarthaí tráchtála a thabhairt i gcrích, amhail conarthaí le OEManna agus le hoibreoirí teileachumarsáide. Mar sin féin, sa chás seo, bhí na feidhmeanna sin á gcomhlíonadh ag fostaithe Apple Inc., thar ceann ghrúpa Apple ar fad nó ar mhaithe le ASI agus AOE, agus ní ag na ceannoifigí. Cuirtear na míreanna sin ó bhail freisin trí mhainneachtain cúiseanna agus réasúnaíocht neamhleor agus fhrithráiteach.

89. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, i scéim ghinearálta réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta i mír 251 go mír 311 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhféachtar leis na torthaí a leagtar amach i míreanna 303 go 309 den bhreithiúnas sin a léiriú go raibh ceannoifigí

[44] Féach ordú an 11 Meán Fómhair 2019, *Camomilla* v *EUIPO* (C-68/19 P, EU:C:2019:711, mír 10 agus an cásdlí dá dtagraítear).

ASI agus AOE – trí rúin arna nglacadh ag na boird stiúrthóirí faoi seach agus, go háirithe, trí bhíthin córas chun cumhachtaí a tharmligean chuig stiúrthóirí aonair nó feidhmeannaigh aonair nach raibh ina gcomhaltaí d'fhoireann na mbrainsí – bhí an cumas acu 'feidhmeanna riachtanacha' na gcuideachtaí sin a chomhlíonadh. Is léir sin go háirithe ó mhír 303 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, lena sainítear ábhar na hanailíse a rinne an Chúirt Ghinearálta, agus ó mhír 305 agus mír 309 de, ina leagtar amach conclúid na hanailíse sin, ar dá réir a chinn an Coimisiún go mícheart, sa chinneadh atá faoi chonspóid, nach raibh sé d'acmhainn ag na ceannoifigí feidhmeanna a chomhlíonadh thar ceann na gcuideachtaí sin in éagmais fostaithe agus láithreacht fhisiciúil. Os a choinne sin, níl aon dearbhú sainráite i míreanna 303 go 309 den bhreithiúnas atá faoi achomharc go raibh baint ag an gceannoifig le cinntí a ghlacadh a bhaineann le bainistiú cheadúnais IP, cé is moite de mhír 304 – ina teorannaíonn an Chúirt í féin a lua, le hargóint atá i mo thuairim intuartha, nach gcuirtear as an áireamh in éagmais rianta de chinntí den sórt sin sna miontuairiscí a scrúdaigh an Coimisiún gur glacadh iad i ndáiríre – agus i mír 307 maidir le síniú an chomhaontaithe roinnte costas, a bhaineann, áfach, le comhaontú laistigh de ghrúpa atá eisiata i bprionsabal ó ábhar na rialuithe cánach. Ar deireadh, i mír 301 den bhreithiúnas sin, tá sé mar chuid den anailís a bhaineann leis an mbealach láraithe ina ndéantar cinntí straitéiseacha laistigh de ghrúpa Apple.

90. Dá bhrí sin, nílim cinnte de go bhfuil sé ceart míreanna 301, 306 agus 307 den bhreithiúnas atá faoi achomharc a léiriú, mar a mhol an Coimisiún. Is cosúil dom, agus cinneadh á dhéanamh go raibh baint ag stiúrthóirí ASI agus AOE, go díreach nó trí chumhacht aturnae, le caibidlíocht le OEManna agus le hoibreoirí teileachumarsáide nó fiú i dtabhairt i gcrích comhaontuithe tráchtála nó comhaontuithe laistigh de ghrúpa, nach raibh sé ar intinn ag an gCúirt Ghinearálta a rá go raibh 'feidhmeanna pearsanra shuntasaigh' déanta ag na ceannoifigí i ndáil le ceadúnais IP, ach go raibh sé de thátal mícheart leis an gcinneadh a bhfuiltear ag cur ina choinne go raibh bainistiú IP ghrúpa Apple curtha i gcrích ag na brainsí Éireannacha toisc nach raibh sé d'acmhainn ag na ceannoifigí cinntí a ghlacadh a bhaineann le bainistiú cheadúnais IP (féach, go háirithe, míreanna 302 agus 309 den bhreithiúnas atá faoi achomharc).

91. Sna himthosca sin, ní mór diúltú d'argóintí an Choimisiúin mar argóintí atá bunaithe ar mhíléamh an bhreithiúnais atá faoi achomharc. Ar na cúiseanna céanna, is gá diúltú do na hargóintí a chuir Éire agus ASI agus AOI chun cinn go gcruthaítear le síniú na leasuithe ar an gcomhaontú roinnte costas agus an chumhacht aturnae conarthaí a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích le OEManna agus le hoibreoirí teileachumarsáide gur ghlac na ceannoifigí cinntí a bhaineann le bainistiú cheadúnais IP. Ní féidir teacht ar aon chinneadh den sórt sin sa bhreithiúnas atá faoi achomharc.

92. É sin ráite, tugaim faoi deara go bhfuil an deacracht a bhaineann le brí aonchiallach a thabhairt do na cinntí i míreanna 301 agus 307 den bhreithiúnas faoi achomharc agus a raon feidhme a shainiú go soiléir inchurtha, arís eile, i leith easpa seasaimh ón gCúirt Ghinearálta maidir leis an gceist an bhféadfar, agus cad iad na coinníollacha, 'feidhmeanna pearsanra shuntasaigh' arna gcomhlíonadh ag an máthairchuideachta thar ceann nó chun tairbhe na cuideachta sin lasmuigh d'Éirinn a chur san áireamh sa leithdháileadh chun críocha cánach ar úinéireacht eacnamaíoch na maoine a ghineann brabúis arna sealbhú ag cuideachta neamhchónaitheach, ar cheart a brabúis inchánach in Éirinn a shainiú chun críocha Airteagal 25 de TCA 97. I ndáil leis sin, tagraím don mhéid atá ráite agam i mír 61 na Tuairime seo.

93. Is cosúil go bhfuil tionchar ag an mbonn san anailís ar na gníomhaíochtaí lasmuigh de bhrainsí Éireannacha a leagtar amach i míreanna 296 go 309 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, atá, mar a chonacthas, earráideach, óna ndearna an Chúirt Ghinearálta scrúdú ar na

gearáin i gcoinne phríomhlíne réasúnaíochta an Choimisiúin, is é sin le rá gur bhain an Coimisiún úsáid as cur chuige 'eisiaimh'. Ar an mbonn sin, ní raibh sé riachtanach, chun an phríomhlíne réasúnaíochta ina hiomláine a neamhbhailíochtú, a léiriú go raibh feidhmeanna suntasacha *déanta go hiarbhír* ag na ceannoifigí i ndáil le ceadúnais IP, ach ba leor a chruthú go raibh an *cumas* acu na cinntí sin a ghlacadh nó, níos ginearálta fós, an cumas chun 'cinntí atá riachtanach don chuideachta' a ghlacadh (mír 305 den bhreithiúnas atá faoi achomharc) nó cinntí 'a dhéanann difríocht […] d'feidhmeanna riachtanacha' ASI agus AOE (mír 303 den bhreithiúnas atá faoi achomharc).

94. In aon chás, dá mba rud é go mbreithneoidh an Chúirt Bhreithiúnais gur chinn an Chúirt Ghinearálta go hintuigthe, i mír 301 agus i mír 307 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, trí dheonú a thabhairt d'fheidhmeannaigh Apple Inc. – cibé acu a bhí nó nach raibh siad ina gcomhaltaí de bhoird stiúrthóirí ASI agus AOE – bhí feidhmeanna ábhartha maidir le ceadúnais IP déanta le tarmligean cumhachtaí chun conarthaí nó comhaontuithe laistigh de ghrúpa a shíniú, ag na ceannoifigí, chun críocha na hanailíse atá le déanamh de bhun Airteagal 25 de TCA 97, aontaím leis an gCoimisiún nach dtacaíonn cineál foirmeálta amháin na ngníomhartha sin agus an cónascadh idir na feidhmeanna a dhéanann cuideachta sealbhaíochta an ghrúpa agus na feidhmeanna is inchurtha i leith na gceannoifigí a n-eascraíonn córas tarmligin den sórt sin astu le conclúid den sórt sin.

95. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, measaim go bhfuil an tríú cuid den chéad saincheist dlí inghlactha go páirteach agus go bhfuil bunús maith léi, mar a léiríodh ag deireadh an scrúdaithe ar na gearáin aonair a ardaíodh.

4. Conclúidí maidir leis an gcéad saincheist dlí

96. I bhfianaise na mbreithnithe thuas go léir, tá bunús maith leis an gcéad saincheist dlí, dar liom. Trí bhéim a leagan ar na feidhmeanna agus ar na rioscaí a ghlacann Apple Inc. i ndáil le IP ghrúpa Apple, seachas díriú ar na gníomhaíochtaí a dhéanann na brainsí agus na ceannoifigí faoi seach i ndáil le bainistiú agus saothrú cheadúnais IP, agus orthu sin amháin, rinne an Chúirt Ghinearálta anailís fhíorasach agus aicmiú dlíthiúil na bhfíoras a scrúdaíodh i bhfianaise tastáil dhlíthiúil éagsúil ón gcritéar a mheas sí féin a bheith infheidhme faoi Airteagal 25 TCA 97, lena gceanglaítear go gcuirfí san áireamh leithdháileadh na sócmhainní, na bhfeidhmeanna agus na rioscaí idir an brainse agus na codanna eile den chuideachta sin agus, i gcur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách, eisiatar ról na n-eintiteas ar leithligh a chur san áireamh.

C. An dara saincheist dlí

97. Tá an dara saincheist dlí dírithe i gcoinne fhorais an bhreithiúnais atá faoi achomharc lenar sheas an Chúirt Ghinearálta leis na gearáin a rinne Éire agus ASI agus AOE i gcoinne réasúnaíocht tánaistí an Choimisiúin ar bhonn malartach. Ba mhaith liom a chur in iúl, i gcomhthéacs na réasúnaíochta sin, a leagtar amach in aithrisí 325 go 360 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur áitigh an Coimisiún, fiú dá nglacfaí leis go gcaithfí na ceadúnais IP a leithdháileadh lasmuigh d'Éirinn, gurb é a bhí mar thoradh ar mhodhanna leithdháilte na mbrabús a formheasadh sna rialuithe cánach go ndearnadh gannmheastachán ar bhrabús bliantúil ASI agus AOE in Éirinn ar an bhforas go raibh siad bunaithe ar roghanna míchuí, rud a d'fhág go raibh siad ag imeacht ó neasluachú iontaofa ar thoradh margadhbhunaithe a bhí comhsheasmhach le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách. Go sonrach, tar éis a chinneadh

gur glacadh leis na rialuithe cánach modhanna aontaobhacha leithdháilte brabús atá cosúil le modh idirbheartaíochta an ghlanchorrlaigh ('TNMM') dá bhforáiltear i dTreoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe,[45] tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh trí rogha mhodheolaíocha mhíchearta formhuinithe ag údaráis chánach na hÉireann, a bhain le craobhacha na hÉireann a shainaithint mar 'pháirtithe tástála' – is é sin le rá, mar pháirtithe a raibh a ngníomhaíochtaí dírithe ar an anailís a rinneadh faoi mhodh leithdháilte na mbrabús aontaobhach a roghnaíodh (aithrisí 328 go 333 den chinneadh atá faoi chonspóid) – roghnú na gcostas oibriúcháin mar tháscaire ar leibhéal na mbrabús (aithrisí 334 go 345 den chinneadh atá faoi chonspóid) agus na leibhéil toraidh a bhfuil glactha leo (aithrisí 346 go 359 den chinneadh atá faoi chonspóid).

98. Tá an dara saincheist dlí roinnte ina trí chuid. Líomhnaítear leis an gcéad cheann go bhfuil earráid ann agus an caighdeán cruthúnais á chinneadh, earráid nach mór a thabhairt ar aird chun a shuí gurb ann do bhuntáiste i gcás rialuithe cánach a bhaineann le leithdháileadh brabús, an dara ceann, ina líomhnaítear neamhrialtacht nós imeachta agus, ar tríú ceann, ina líomhnaítear sárú ar Airteagal 107(1) CFAE agus/nó saobhadh an dlí náisiúnta.

1. An chéad chuid den dara saincheist dlí

99. Faoin gcéad chuid dá dhara saincheist dlí, atá dírithe i gcoinne mhíreanna 349, 416, 434 agus 435 den bhreithiúnas atá faoi achomharc (a thagraíonn do mhíreanna 319 agus 332 de), maíonn an Coimisiún gur ghlac an Chúirt Ghinearálta caighdeán cruthúnais mícheart agus cinneadh á dhéanamh gurbh faoin gCoimisiún a bhí sé a thaispeáint gur tháinig laghdú ar dhliteanas cánach ASI agus AOE mar thoradh ar an leithdháileadh brabús a leagadh amach sna rialuithe cánach i gcomparáid leis an méid a d'iompródh na cuideachtaí sin faoi na gnáthrialacha cánach agus nár leor earráidí modheolaíocha a aimsiú.[46] Agus measúnú á dhéanamh aige, i bhfianaise phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách cibé an dtagann buntáiste as rialú cánach amhail é sin atá faoi cheist de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE gurb ionann an caighdeán cruthúnais is infheidhme agus an caighdeán i gcás dul ar iontaoibh na tástála ar an oibreoir príobháideach sa gheilleagar margaidh agus, dá bhrí sin, is faoin gCoimisiún amháin atá sé 'inchreidteacht' buntáiste a chruthú, fad is atá sé faoin mBallstát lena mbaineann a léiriú go bhfuil údar maith leis an mbuntáiste sin. Tagraíonn an Coimisiún freisin do bhreithiúnas an 8 Nollaig 2011, *France Télécom* v *an Coimisiún*,[47] inar chinn an Chúirt, cé is moite de chásanna ina gcuirtear tástáil an infheisteora phríobháidigh i bhfeidhm, gur leor, d'fhonn a shuí gurb ann do bhuntáiste de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, fianaise a thabhairt ar aird go bhfuil an beart náisiúnta atá i gceist oiriúnach go bunúsach chun ualach cánach na ngnóthas is faighteoir a laghdú.

100. Cuireann ASI agus AOI agus Éire in iúl go bhfuil an chéad chuid den dara saincheist dlí neamhéifeachtach ós rud é, fiú más rud é, mar a éilíonn an Coimisiún, gur faoi Éirinn agus Apple a chruthú nach raibh aon bhuntáiste ann, go mbeadh an dualgas cruthúnais comhlíonta ag Apple trí thuarascálacha *ad hoc* ar leithdháileadh brabús a chur faoi bhráid bhrainsí na hÉireann, arna dtarraingt suas ag a gcomhairleoirí cánach, as ar léir gur cinneadh méid inchánach na gcuideachtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 25 TCA 97 agus prionsabal an fheidhmithe neamhspleách ('tuarascálacha *ad hoc*').

[45] TNMM, mar a thuairiscítear i míreanna 2.58 *et seq.* de Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe, lena ndéantar scrúdú ar ghlanchorrlach an bhrabúis a bhaineann le bonn iomchuí (e.g. costais, díolacháin, sócmhainní) a bhaineann cáiníocóir amach as idirbheart rialaithe. Níl feidhm aige ach amháin maidir le ceann amháin de na gnóthais atá páirteach san idirbheart, an pháirtí 'tástála'.

[46] Tugaim faoi deara gur leag an Chúirt Ghinearálta amach an caighdeán céanna cruthúnais i mbreithiúnas an 24 Meán Fómhair 2019, *an Ísiltír* v *an Coimisiún* (T-760/15, EU:T:2019:669).

[47] C-81/10 P, EU:C:2011:811 ('breithiúnas *France Telecom*'), míreanna 24 go 27.

101. I ndáil leis sin, is fíor, san anailís a rinne sí ar na leibhéil toraidh a glacadh sna rialuithe cánach (míreanna 418 go 478 den bhreithiúnas atá faoi achomharc), gur dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta, ar dtús, iontaofacht an staidéir inchomparáideachta atá sna tuarascálacha *ad hoc* lena mbailíochtaítear na toraidh sin *ex post* (míreanna 450 go 464 den bhreithiúnas atá faoi achomharc) agus, ar an dara dul síos, chinn sí go ndearna an Coimisiún anailís chomparáideachta cheartaithe in aithrisí 353 go 356 den chinneadh atá faoi chonspóid, ní raibh an anailís chomparáideachta cheartaithe ('an anailís chomparáideachta cheartaithe') in ann na conclúidí ar thángthas orthu sna tuarascálacha sin a neamhbhailíochtú (míreanna 469 agus 477 den bhreithiúnas atá faoi achomharc). Mar sin féin, sa tríú cuid dá dhara saincheist dlí, cháin an Coimisiún an mhodheolaíocht ríofa a úsáidtear sna tuarascálacha *ad hoc* agus a iomchuí atá an anailís chomparáideachta cheartaithe chun amhras a chaitheamh ar chonclúidí na dtuarascálacha sin. Dá bhrí sin, braitheann an cheist an bhfuil an maíomh atá i gceist neamhéifeachtach ar thoradh na hanailíse ar na cáintí sin.

102. Maidir leis an tsubstaint, cuireann ASI agus AOI agus Éire agus Ard-Diúcacht Lucsamburg in iúl go bhfuil an Coimisiún ag iarraidh, go bunúsach, an dualgas cruthúnais a aisiompú. Maíonn ASI agus AOI freisin nach bhfuil bonn fíorasach le gearán an Choimisiúin, ós rud é gur chinn an Chúirt Ghinearálta nár suíodh aon cheann de na trí earráid mhodheolaíocha a d'aimsigh an Coimisiún sa chinneadh atá faoi chonspóid.

103. Ba mhaith liom a chur in iúl, de réir cásdlí socair, gur faoin gCoimisiún atá sé a chruthú gurb ann do 'Státchabhair' de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE agus, dá bhrí sin, a chruthú freisin go gcomhlíontar an coinníoll maidir le buntáiste a dheonú.[48] Go háirithe, ceanglaítear ar an gCoimisiún, ar mhaithe le rialacha bunúsacha Chonradh FAE a bhaineann le Státchabhair a chur i bhfeidhm i gceart, an nós imeachta a sheoladh chun na bearta atá faoi imscrúdú a scrúdú go dícheallach agus go neamhchlaonta, ionas go mbeidh fáil aige, agus an cinneadh críochnaitheach á ghlacadh aige, ar an bhfaisnéis is iomláine agus is iontaofa is féidir chun na críche sin.[49] Chinn an Chúirt cheana féin nach féidir leis an gCoimisiún a shuíomh gur thairbhigh gnóthas de bhuntáiste ar Státchabhair amháin é bunaithe ar thoimhde dhiúltach, bunaithe ar easpa faisnéise a chuireann ar a chumas teacht ar a mhalairt, in éagmais fianaise eile a d'fhéadfadh a shuíomh go dearfach gurb ann do bhuntáiste den sórt sin.[50] Tá feidhm ag na prionsabail sin freisin nuair a chuireann an Coimisiún an tástáil an oibreora phríobháidigh i bhfeidhm. Is faoin gCoimisiún atá sé a chruthú nach bhfuil na coinníollacha maidir leis an gcritéar sin a chur i bhfeidhm á gcomhlíonadh[51] agus measúnú a dhéanamh, i bhfianaise na bhfachtóirí ábhartha, an mbeadh buntáistí inchomparáide ag an ngnóthas is faighteoir ó oibreoir príobháideach.[52] Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún brath, fiú má chuireann sé prionsabal an oibreora phríobháidigh i bhfeidhm, ar dhearbhuithe 'inchreidteachta', agus ar an bhfírinne nach gá dó a léiriú.[53] Maidir leis an mbreithiúnas *France Telecom*, ba mhaith liom a chur in iúl, go háirithe, gur léir ó mhír 19 de, cé nárbh fhéidir, de bharr shaintréithe na scéime cánach atá i gceist, an leibhéal beacht cánachais a bhaineann léi a chinneadh roimh ré agus do gach bliain chánach, ba é sin an chomhthuiscint nach raibh chomh coitianta céanna go bhféadfadh cánachas níos ísle don fhaighteoir a bheith mar thoradh ar an scéim sin ná mar a bhí mar thoradh ar chur i bhfeidhm an ghnáthchórais.

[48] Féach breithiúnas an 4 Márta 2021, *an Coimisiún* v *Fútbol Club Barcelona* (C-362/19 P, EU:C:2021:169, mír 62).

[49] Féach breithiúnas an 11 Samhain 2021, *Autostrada Wielkopolska* v *an Coimisiún agus an Pholainn* (C-933/19 P, EU:C:2021:905, mír 114 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[50] Féach breithiúnas an 17 Meán Fómhair 2009, *an Coimisiún* v *MTU Friedrichshafen* (C-520/07 P, EU:C:2009:557, míreanna 55 agus 58).

[51] Féach breithiúnas an 11 Samhain 2021, *Autostrada Wielkopolska* v *an Coimisiún agus an Pholainn* (C-933/19 P, EU:C:2021:905, mír 108 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[52] Féach breithiúnas an 29 Meitheamh 2023, *TUIfly* v *an Coimisiún* (C-763/21 P, EU:C:2023:528, mír 79 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[53] Féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Bealtaine 2020, *BTB Holding Investments agus Duferco Participations Holding* v *an Coimisiún* (C-148/19 P, EU:C:2020:354, mír 53).

